



2025/1355

14.7.2025

RIALACHÁN (AE) 2025/1355 ÓN mBANC CEANNAIS EORPACH

an 2 Iúil 2025

**maidir le riachtanais mhaoirseachta le haghaidh córais íocaíochta a bhfuil tábhacht shistéamach leo
(BCE/2025/22)
(athmhúnlú)**

TÁ COMHAIRLE RIALAITHE AN BHAINC CEANNAIS EORPAIGH

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 127(2) de,

Ag féachaint do Reacht na gCóras Eorpach Banc Ceannais agus an Bhainc Ceannais Eorpaigh agus, go háirithe Airteagal 3.1, Airteagal 22 agus Airteagal 34.1, an chéad fhleasc de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Rinneadh Rialachán (CE) Uimh. 795/2014 ón mBanc Ceannais Eorpach (BCE/2014/28) ⁽¹⁾ a leasú go suntasach roinnt uaireanta ⁽²⁾. Tar éis don Chomhairle Rialaithe athbhreithniú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an Rialacháin faoi Airteagal 24 de, tá tuilleadh leasuithe le déanamh. Dá bhrí sin, ba cheart an Rialachán a athmhúnlú ar mhaithe le soiléireacht.
- (2) Leis an gceathrú heang d'Airteagal 127(2) den Chonradh agus leis an gceathrú heang d'Airteagal 3.1 de Reacht an Chórais Eorpaigh Banc Ceannais agus an Bhainc Ceannais Eorpaigh ('Reacht CEBC' anseo ina dhiaidh seo) cuirtear ar chumas an Eurochórais feidhmiú rianúil na gcórais íocaíochta a chur chun cinn.
- (3) Cuireann an tEurochóras feidhmiú rianúil na gcórais íocaíochta chun cinn trí mhaoirseacht a stiúradh, i measc bearta eile.
- (4) D'eisigh an Coiste ar Chórais Íocaíochta agus Socraíochta (CPMI), ar a dtugtaí CPSS roimhe seo, agus Coiste Teicniúil na hEagraíochta Idirnáisiúnta um Choimisiúin Urrús (IOSCO) prionsabail le haghaidh bhonneagair an mhargaidh airgeadais. Is é moladh CPMI-IOSCO na prionsabail sin a chur i bhfeidhm a oiread agus is féidir i bhfianaise na gcreataí náisiúnta dlíthiúla agus rialála. Chun éifeachtúlacht na maoirseachta ar chórais íocaíochta a áirithiú, chuir an Banc Ceannais Eorpach (BCE) na prionsabail sin chun feidhme, trí bhíthin Rialachán (AE) Uimh. 795/2014 (BCE/2014/28), a bhfuil feidhm aige maidir le córais íocaíochta mhórluacha agus maidir le córais íocaíochta mhiondíola a bhfuil tábhacht shistéamach leo araon.
- (5) Tá feidhm ag an Rialachán seo maidir le córais íocaíochta arna n-oibriú ag bainc ceannais agus ag oibreoirí príobháideacha araon. Mar sin féin, admhaítear le prionsabail CPMI-IOSCO go bhfuil cásanna eisceachtúla ann ina gcuirtear i bhfeidhm iad ar shlí atá difriúil leis an gcaoi a gcuirtear i bhfeidhm iad i gcás córais íocaíochta arna n-oibriú ag bainc cheannais mar gheall ar cheanglais atá leagtha síos i ndlí, rialachán, nó beartas ábhartha. Ós rud é go bhfuil cuspóirí beartais phoiblí, freagrachtaí agus leagan amach institiúideach ag an Eurochóras a shainítear sa Chonradh agus i Reacht CEBC, féadfar córais íocaíochta a bhfuil tábhacht shistéamach leo (SIPS) a dhíolmhú ó cheanglais áirithe faoin Rialachán seo. Thar aon ní eile, ba cheart SIPSanna an Eurochórais a dhíolmhú ó cheanglais shonracha maidir le rialachas, pleananna foirceanta, sócmhainní cothromais agus leachtacha, rioscaí comhthaobhachta agus infheistíochta, lena gcumhdaítear na réimsí céanna a chumhdaítear leis na ceanglais faoi seach arna nglacadh go foirmiúil ag an gComhairle Rialaithe. Sonraítear na díolúintí sin i roinnt forálacha éagsúla den Rialachán.
- (6) I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta, sainaitníonn an Chomhairle Rialaithe gur SIPS é córas íocaíochta má chomhlíonann sé critéir shonracha mar a leagtar amach sa Rialachán seo. Ina theannta sin, is féidir a shainithint gur SIPS é córas íocaíochta ar bhonn modheolaíocht sholúbtha lena gcuirtear san áireamh gnéithe cáilíochtúla amhail an mhéid atá i gcóras íocaíochta, a chastacht agus a inionadaitheacht.

⁽¹⁾ Rialachán (AE) Uimh. 795/2014 ón mBanc Ceannais Eorpach an 3 Iúil 2014 maidir le ceanglais formhaoirseachta le haghaidh córais íocaíochta a bhfuil tábhacht shistéamach leo (BCE/2014/28) (IO L 217, 23.7.2014, lch. 16, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2014/795/oj>).

⁽²⁾ Féach larscríbhinn I.

- (7) Sainiáthníonn an Chomhairle Rialaithe oibreoir SIPS i leith gach SIPS. An t-oibreoir SIPS a shainiáthnítear, bíonn sé cuntasach vis-à-vis an t-údarás inniúil as comhlíontacht SIPS leis na ceanglais formhaoirseachta faoin Rialachán seo. Ba cheart don oibreoir SIPS a bheith ina eintiteas dlíthiúil sa limistéar euro atá freagrach as SIPS a oibriú. Ar bhonn eisceachtúil, féadfaidh an Chomhairle Rialaithe, ar bhonn cás ar chás, brainse atá bunaithe sa limistéar euro a shainiáthint freisin mar oibreoir SIPS, ar cuid é atá spleách ar an dlí d'eintiteas dlítheanach atá bunaithe lasmuigh den limistéar euro. I bhfianaise an mhéid sin, ba cheart an sainmhíniú ar 'oibreoir SIPS' a leathnú dá réir.
- (8) De thoradh brainse a ainmniú go heisceachtúil mar oibreoir SIPS, na ceanglais is infheidhme den Rialachán seo maidir le comhdhéanamh, róil, scileanna agus freagrachtaí lucht bainistíochta eintitis dhlítheanaigh a shainiáthnítear mar oibreoir SIPS, ba cheart feidhm a bheith acu freisin maidir le lucht bainistíochta brainse a shainiáthnítear mar oibreoir SIPS, agus ba cheart na stiúrthóirí feidhmiúcháin arb iad lucht bainistíochta an bhainse iad a bheith ina gcomhaltaí freisin den lucht bainistíochta, mar a shainmhínítear faoi Airteagal 9(11)(b). Ina theannta sin, i gcás ina sainiáthnítear brainse mar oibreoir SIPS, féadfaidh an t-údarás inniúil ábhartha, agus measúnú á dhéanamh aige ar chomhlíontacht SIPS le ceanglais an Rialacháin seo, i gcás inar gá, aon ghníomhaíochtaí agus aon chreataí arna mbunú ar leibhéal an eintitis dhlítheanaigh agus a bhaineann le SIPS agus/nó leis an oibreoir SIPS a chur san áireamh.
- (9) I gcás inar gá, chun críocha formhaoirseachta éifeachtúla, lena n-áirítear dúbailt iarrachta a íoslaghdú agus an t-ualach ar SIPS agus ar na húdaráis ábhartha a laghdú, ba cheart don údarás inniúil comhoibriú le húdaráis eile. I gcás ina sainiáthnítear brainse mar oibreoir SIPS, ba cheart don údarás inniúil ábhartha comhoibriú freisin leis an údarás atá freagrach as formhaoirseacht nó maoirseacht a dhéanamh ar an eintiteas dlítheanach a bhfuil an brainse ina chuid de atá spleách ar an dlí.
- (10) D'fhéadfadh gníomhaíocht ghnó SIPS luainiú le himeacht ama. Chun sláine an chreata aitheantais SIPS a áirithiú, agus leanúnachas á choinneáil ar bun a mhéid is féidir agus athaicmiú rialta na gcóras íocaíochta á sheachaint, scoirfead de chóras íocaíochta a shainiáthint mar SIPS mura gcomhlíonann sé na critéir lena shainiáthint mar SIPS in dhá aithbhreithniú fíorúcháin i ndiaidh a chéile. Mar sin féin, d'fhéadfadh sé nach mbeadh sé iomchuí an stádas SIPS a choinneáil in imeacht tréimhse ama den sórt sin mura dócha go gcomhlíonadh an córas na critéir lena gcáilítear é mar SIPS sa chéad bheart fíorúcháin eile. Dá bhrí sin, is féidir freisin athaicmiú níos luaithe a dhéanamh, bunaithe ar mheastóireacht cás ar chás.
- (11) Leagtar amach sa Rialachán seo nósanna imeachta atá sainithe go soiléir chun a áirithiú go n-urramaítear ráthaíochtaí próise cuí sula nglacann an Chomhairle Rialaithe cinneadh lena sainiáthnítear córas íocaíochta mar SIPS agus ina dhiaidh sin.
- (12) Téann BCE i dtuilleamaí na mbanc ceannais náisiúnta chun tascanna CEBC a chur i gcrích, a mhéid a mheastar go bhfuil sé sin indéanta agus iomchuí. I gcás gach SIPS, ainmnítear an banc ceannais ábhartha de chuid an Eurochórais mar an t-údarás inniúil chun measúnú a dhéanamh ar chomhlíontacht an SIPS sin leis na ceanglais mhaoirseachta faoin Rialachán seo. I gcás SIPS a bhfuil tábhacht uile-Eorpach ag baint leis, is é BCE, ina cháil mar an t-údarás inniúil ainmnithe, a dhéanann an mhaoirseacht. Mar sin féin, i gcás SIPS den sórt sin, i gcás ina bhfuil caidreamh maoirseachta cruthaithe seanbhunaithe idir é féin agus banc ceannais náisiúnta i gcaitheamh na gcúig bliana roimhe sin, ainmnítear dhá bhanc ceannais de chuid an Eurochórais, i.e. an banc ceannais náisiúnta lena bunáodh an caidreamh maoirseachta seanbhunaithe, agus BCE, mar údarás inniúla.
- (13) Tá na riachtanais arna leagan amach sa Rialachán seo comhréireach leis na rioscaí sainiúla agus leis na neamhchosaintí a ghabhann le SIPS. Cuirtear san áireamh i bhforálacha an Rialacháin seo freisin taithí agus torthaí na measúnuithe formhaoirseachta a rinneadh ar bhonn Rialachán (AE) Uimh. 795/2014 (BCE/2014/28) le blianta beaga anuas, chomh maith leis na forbairtí teicneolaíochta agus rialála san Aontas Eorpach le déanaí, lena n-áirítear glacadh Rialachán (AE) 2022/2554 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁹⁾.
- (14) Chun go mbeadh éifeachtúlacht agus folláine ag baint le SIPS is gá go mbeadh sé comhlíontach leis na ndlíthe náisiúnta is infheidhme agus go mbeadh sé ag feidhmiú de réir rialacha, nósanna imeachta agus conarthaí soiléire. Tagraíonn comhlíontacht leis an dlí do chórais dlí na dtíortha uile ina bhfuil oibreoir SIPS bunaithe agus/nó ag oibriú agus ina bhfuil rannpháirtithe SIPS bunaithe agus/nó ag oibriú.

⁽⁹⁾ Rialachán (AE) 2022/2554 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2022 maidir le hathléimneacht dhigiteach oibriochtúil don earnáil airgeadais agus lena leasáitear Rialachán (CE) Uimh. 1060/2009, (AE) Uimh. 648/2012, (AE) Uimh. 600/2014, (AE) Uimh. 909/2014 agus (AE) 2016/1011 (IO L 333, 27.12.2022, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2022/2554/oj>).

- (15) Braitheann éifeachtúlacht agus fíonacht SIPS freisin ar shoiléireacht agus ar oiriúnacht a shocruite rialachais, nach mór a dhoiciméadú go soiléir. Ba cheart go n-áiríteofaí le socruithe rialachais SIPS go mbainfidh an Bord tairbhe as comhairle ó choiste riosca oibiachtúil agus neamhspleách i ndáil lena fhreagrachtaí a bhaineann le riosca. Thairis sin, chun sláine chomhaltaí an Bhoird agus na Bainistíochta, agus i gcás inarb infheidhme an Bhainistíocht Brainse a áirithiú, ba cheart d'oibreoír SIPS breithniú a dhéanamh ar aon taifead de chuid na gcomhaltaí i leith ciontuíthe nó pionóis i leith sárúithe ar an dlí tráchtála is infheidhme, ar an dlí dócmhainneachta, ar an dlí seirbhísí airgeadais, ar an dlí frithsciúrtha airgid agus ar an dlí maidir le frithmhaoiniú sceimhlitheoireachta agus ar shárúithe ar dhualgas gairmiúil chomh maith le calaois.
- (16) Ina theannta sin, is den tábhacht ar fad é go mbeadh creat fóna, éabhlóiditheach ann a bheadh in ann rioscaí dlíthiúla, creidmheasa, leachtachta, oibríochtúla, gnó ghinearálta, cumhdaigh agus infheistíochta, mar aon le rioscaí eile, a bhainistiú go cuimsitheach sa chaoi go ndéanfaí an raon iomlán rioscaí a eascraíonn as SIPS a oibriú nó a bhíonn ina n-ualach ar oibreoír SIPS a shainiú, a thomhas, a chur faoi fhaireachán agus a bhainistiú. Tá sé sin fíor freisin maidir le fíonacht agus athléimneacht an chreata comhthaobhachta, na rialacha agus na nósanna imeachta mainneachtana rannpháirtithe agus na bpleananna leanúnachais gnó atá i bhfeidhm ag an oibreoír SIPS.
- (17) Chun rioscaí oibríochtúla a bhainistiú go cuimsitheach agus i bhfianaise imscaradh agus úsáid mhéadaitheach modhanna teicneolaíochta in oibriú SIPS, chomh maith leis an mbagairt mhéadaithe ó chibearionsaithe agus ó dhamáiste a d'fhéadfadh cibear-ionsaí rathúil a dhéanamh ar fheidhmiú SIPS, ba cheart d'oibreoír SIPS straitéis agus creat cibear-athléimneachta a bheith i bhfeidhm aige le nósanna imeachta, próisis agus rialuithe leordhóthanacha chun cibear-riosca a bhainistiú go héifeachtach agus chun ardleibhéal cibear-athléimneachta a áirithiú. Ba cheart na ceanglais a bhaineann le straitéis agus creat cibear-athléimneachta den sórt sin a bheith bunaithe ar na hionchais mhaoirseachta cibear-athléimneachta do bhonneagair an mhargaidh airgeadais⁽⁴⁾ chun roinnt príomhionchais a dhéanamh ceangailteach ó thaobh dlí d'oibreoír SIPS. Thairis sin, tá sé fíor-riachtanach go ndéanfaidh oibreoír SIPS tástáil thréimhsiúil ar éifeachtacht rialuithe agus chórais SIPS trí thástáil treáite bunaithe ar bhagairtí a dhéanamh i gcomhréir leis an gCreat Eorpach um Fhoireann Dhearg Eiticíúil bunaithe ar Fhaisnéis faoi Bhagairt (TIBER-EU)⁽⁵⁾ (dá ngairtear 'creat TIBER-EU' anseo feasta). I gcás inar brainse é oibreoír SIPS, féadfaidh an t-údarás inniúil glacadh le tástáil a dhéanamh an t-eintiteas dlítheanach a bhfuil an brainse ina chuid de atá spleách ó thaobh an dlí de, ar féidir a mheas gur cleachtadh í atá incomparáide le tástáil TIBER-EU, agus lena ngabhtar freisin éifeachtacht rialuithe agus chórais ábhartha an bhrainse.
- (18) Thairis sin, i bhfianaise úsáid mhéadaithe an seachfhoinisithe agus na rioscaí a d'fhéadfadh cleachtas den sórt sin a chruthú maidir le héifeachtúlacht agus sábháilteacht SIPS, ba cheart d'oibreoír SIPS a bheith freagrach i gcónaí as na feidhmeanna, na hoibríochtaí agus/nó na seirbhísí seachfhoinisithe. Thairis sin, ba cheart socruithe conarthacha agus creataí conarthacha a bheith i bhfeidhm aige lena n-áiríteofar go ndéanfaidh oibreoír SIPS measúnú agus maolú leordhóthanach ar aon rioscaí a eascraíonn as seachfhoinisíú sula ndéanfar socrú den sórt sin agus le linn thréimhse an seachfhoinisithe. Thairis sin, i gcás ina ndéantar feidhmeanna criticiúla a sheachfhoinisíú, ba cheart go mbeadh pleananna scoir oibríochtaí agus/nó seirbhísí ann lena n-áirithítear feidhmiú rianúil SIPS i gcás ina scoirfead de shocrú seachfhoinisithe. Ó nádúr, ní lú an riosca a bhaineann le socruithe inghrúpa ná seachfhoinisíú chuig tríú páirtithe. Dá bhrí sin, cé go n-aithnítear na tairbhí a d'fhéadfadh teacht as socruithe inghrúpa, ba cheart feidhm a bheith ag na ceanglais maidir le seachfhoinisíú freisin maidir le socruithe inghrúpa arb ionann iad agus seachfhoinisíú.
- (19) Chun riosca sistéamach a laghdú, tá gá, *inter alia*, le críochnaitheacht socraíochta agus dá bhrí sin ba cheart do SIPS a dhícheall a dhéanamh ainmniú a bhaint amach faoi Threoir 98/26/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁽⁶⁾. Tá socraíocht ionlae nó réad-ama inmholta freisin má bhíonn sí comhoiriúnach le samhail gnó ghinearálta an SIPS agus má bhíonn sí ag teastáil chun cur ar chumas oibreoír agus rannpháirtithe an SIPS a gcuid rioscaí creidmheasa agus leachtacha faoi seach a bhainistiú.
- (20) Le critéir i gcomhair rannpháirtíocht in SIPS cuirtear sábháilteacht agus éifeachtúlacht SIPS agus na margaí ar a bhfónann sé chun cinn gan srian a chur le saorsholáthar na seirbhísí go díréireach, ach na critéir sin bheith oibiachtúil, rioscabhunaithe, agus nochtá go poiblí, agus iad a bheith ag ceadú rochtain chothrom, oscailte ar SIPS (faoi réir caighdeáin inghlactha rialála riosca).
- (21) Ba cheart go mbeadh forálacha an Rialacháin seo lena n-éilítear ar oibreoír SIPS sonraí a bhailiú, a phróiseáil agus a tharchur gan dochar do rialacha infheidhme ar bith maidir le cosaint sonraí rannpháirtithe nó custaiméirí.

⁽⁴⁾ Ar fáil ar shuíomh gréasáin BCE ag www.ecb.europa.eu.

⁽⁵⁾ Ar fáil ar shuíomh gréasáin BCE ag www.ecb.europa.eu.

⁽⁶⁾ Treoir 98/26/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Bealtaine 1998 maidir le críochnaitheacht socraíochta i gcórais íocaíochta agus socraíochta úrrús (IO L 166, 11.6.1998, lch. 45, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/1998/26/oj>).

- (22) Is fearr a shásóidh SIPS riachtanais rannpháirtithe an SIPS agus na margaí ar a bhfónann sé má bhíonn sé éifeachtúil, éifeachtach ar an mórgóir agus spriocanna agus cuspóirí aige atá sainmhínithe go soiléir, intomhaiste, indéanta.
- (23) Tá cumhacht na n-údarás inniúil bearta ceartaitheacha a iarraidh chun neamhchomhlíonadh an Rialacháin seo a leigheas nó a sheachaint feasta, agus cumhacht BCE smachtbhannaí éifeachtacha, comhréireacha, athchomhairleacha a fhorchur i gcás sárúithe ar an Rialachán seo ina n-eilimintí riachtanacha chun prionsabail CPMI-IOSCO a chur chun feidhme go feadh lán an mhéid atá ceadaithe faoin gConradh agus faoi Reacht CEBC. Cé nach féidir bearta ceartaitheacha a fhorchur ach amháin má tharlaíonn sárúithe ar an Rialachán seo, d'fhéadfadh cásanna a bheith ann inarbh fhiú tús a chur leis an nós imeachta chun na bearta sin a fhorchur ar fhorais neamhchomhlíontachta amhrasta, rud a thabharfadh an deis d'oibreoir SIPS éisteacht a fháil agus mínithe a thabhairt sula suitear gur tharla sárú. I gcásanna inar brainse é an t-oibreoir SIPS, ba cheart na bearta ceartaitheacha nó na smachtbhannaí ceartaitheacha a fhorchur ar an mbrainse.
- (24) Maidir le hoibreoir SIPS a shainaitnítear as an nua mar oibreoir SIPS le cinneadh a dhéantar de bhun an Rialacháin seo, níor cheart a cheangal ar an oibreoir sin na ceanglais formhaoirseachta a leagtar amach sa Rialachán seo a chomhlíonadh le linn na tréimhse bliana amháin ón dáta a dtugtar fógra dó faoin gcinneadh sin. Déantar é sin chun am a thabhairt don oibreoir SIPS a shainaitnítear as an nua eolas a chur ar na ceanglais mhaoirseachta sin agus iad a chur chun feidhme,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

CUID I

ÁBHAR, RAON FEIDHME AGUS SAINMHÍNITHE

Airteagal 1

Ábhar agus raon feidhme

Leagtar amach sa Rialachán seo an próiseas agus na critéir chun córais íocaíochta a shainaithint mar SIPS agus forchuirtear ceanglais mhaoirseachta ar oibreoirí SIPS.

Airteagal 2

Sainmhínithe

Chun críocha an Rialacháin seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

- (1) ciallaíonn 'córas íocaíochta' socrú foirmiúil idir trí rannpháirtí nó níos mó, gan bainc socráíochta, contrapháirtithe lárnacha, tithe imréitigh ná rannpháirtithe indíreacha féideartha a chur san áireamh, a bhfuil rialacha coiteanna agus socrúithe caighdeánaithe acu i gcomhair forghníomhú orduithe um aistriú idir na rannpháirtithe;
- (2) ciallaíonn 'bonneagar margaidh airgeadais' (BMA) córas iltaobhach i measc institiúidí rannpháirteacha, ar a n-áirítear oibreoir an chórais, a úsáidtear chun íocaíochtaí, urrúis, díorthaigh, nó idirbhearta airgeadais eile a imréiteach, a shocrú, nó a tháifeadadh;
- (3) ciallaíonn 'SIPSanna an Eurochórais' SIPS atá faoi úinéireacht bainc ceannais de chuid an Eurochórais agus atá á oibriú ag banc ceannais de chuid an Eurochórais;
- (4) ciallaíonn 'comhthaobhacht' sócmhainn nó gealltanais tríú pháirtí a úsáideann soláthróir comhthaobhachta chun oibleagáid a urrú i leith glacadóir comhthaobhachta. Áirítear le comhthaobhacht comhthaobhacht intíre agus comhthaobhacht trasteorann araon;
- (5) ciallaíonn 'riosca infheistíochta' an riosca cailleanais a bhíonn roimh oibreoir SIPS nó roimh rannpháirtí in SIPS nuair a infheistíonn oibreoir an SIPS a chuid acmhainní féin nó acmhainní a chuid rannpháirtithe, e.g. comhthaobhacht;
- (6) ciallaíonn 'oibreoir SIPS':
 - (a) an t-eintiteas dlítheanach atá bunaithe sa limistéar euro agus atá freagrach as SIPS a oibriú; nó
 - (b) ar bhonn eiseachtúil, an brainse atá bunaithe sa limistéar euro agus atá freagrach as SIPS a oibriú, agus a bhaineann le heintiteas dlítheanach atá bunaithe lasmuigh den limistéar euro.

- (7) ciallaíonn ‘údarás inniúil’:
- (a) an banc ceannais náisiúnta an Eurochórais a bhfuil an phríomhfhreagracht formhaoirseachta air a shaináithnítear amhlaidh de bhun Airteagal 3(3); nó
 - (b) i ndáil le córas íocaíochta ar SIPS é a chomhlíonann na critéir in Airteagal 3(1), pointe (iii), ciallaíonn ‘údarás inniúil’:
 - (i) an BCE; nó
 - (ii) i gcás inar cuireadh an phríomhfhreagracht formhaoirseachta ar bhanc ceannais náisiúnta an Eurochórais ar feadh tréimhse cúig bliana nó níos mó díreach sular glacadh an cinneadh dá dtagraítear in Airteagal 3(3), BCE agus an banc ceannais náisiúnta sin araon;
- (8) ciallaíonn ‘brainse’ gnóthas nach bhfuil aon trócracht dhlíthiúil aige
- (9) ciallaíonn ‘an Bord’: (a) i gcóras boird aonadaigh, bord aonair oibreora SIPS nó, (b) i gcóras débhoird, bord maoirseachta nó bord coibhéiseach oibreora SIPS, arna cheapadh i gcomhréir leis an dlí náisiúnta; agus (c) i gcás ina saináithnítear brainse mar oibreoir SIPS, bord an eintitis dhlítheanaigh a bhfuil an brainse ina chuid de atá spleách ar an dlí;
- (10) ciallaíonn ‘an Lucht Bainistíochta’ stiúirthóirí feidhmiúcháin, e.g., i gcóras boird aonadaigh, comhaltaí Bhord oibreoir SIPS a bhíonn ag gabháil do bhainistíocht laethúil SIPS agus aon oifigigh feidhmiúcháin eile arna gceapadh ag an mBord atá i mbun bhainistíocht laethúil SIPS nó, i gcóras débhoird, comhaltaí bhord bainistíochta an oibreora SIPS agus aon oifigigh feidhmiúcháin eile arna gceapadh ag an mBord nó ag an mbord bainistíochta atá ag gabháil do bhainistiú laethúil SIPS;
- (11) ciallaíonn ‘Lucht Bainistíochta an Bhrainse’ i gcásanna ina saináithnítear brainse mar oibreoir SIPS, na stiúirthóirí bainistíochta a ceapadh go foirmiúil le bheith freagrach as an mbrainse agus a ndéantar stiúradh bhainistíocht laethúil SIPS a tharmligean go cuí chucu;
- (12) ciallaíonn ‘údarás ábhartha’ údarás a bhfuil leas dlísteanaigh acu i rochtain a fháil ar fhaisnéis ó SIPS chun a riachtanais reachtúla a chomhlíonadh, e.g. údarás réitigh agus maoirseoirí rannpháirtithe móra;
- (13) ciallaíonn ‘riosca dlíthiúil’ an riosca a éiríonn as cur i bhfeidhm dlí nó rialacháin, a dtagann cailteanas dá bharr go hiondúil;
- (14) ciallaíonn ‘riosca creidmheasa’ an riosca nach mbeidh contrapháirtí, bíodh sé ina rannpháirtí nó ina eintiteas eile, in ann a oibleagáidí airgeadais a shásamh go hiomlán nuair a bhíonn siad dlite ná ag am ar bith sa todhchaí;
- (15) ciallaíonn ‘riosca leachtacha’ an riosca nach mbeidh dóthain cistíochta ag contrapháirtí, bíodh sé ina rannpháirtí nó ina eintiteas eile, chun a oibleagáidí airgeadais a shásamh go hiomlán nuair a bhíonn siad dlite, cé gur féidir go mbeadh dóthain cistíochta aige chun é sin a dhéanamh sa todhchaí;
- (16) ciallaíonn ‘riosca oibriúcháin’ an riosca go dtarlóidh laghdú, meath nó cliseadh ó thaobh na seirbhísí a sholáthraíonn SIPS de de dheasca easnaimh sna córais faisnéise nó sna próisis inmheánacha, earráid dhaonna, teipeanna bainistíochta, nó míshocrachtaí ar teagmhais sheachtracha, tríú páirtithe nó feidhmeanna, oibríochtaí agus/nó seirbhísí seachfhoinisithe is cúis leo;
- (17) ciallaíonn ‘riosca gnó ghinearálta’ lagú féideartha ar bith ar staid airgeadais an SIPS mar ghnólacht de bharr laghdú ar a ioncam nó méadú ar a chaiteachas, sa chaoi gur mó an chaiteachas ná an t-ioncam agus go bhfuil cailteanas ann dá bharr sinn nach mór a mhuirearú in aghaidh caipitil;
- (18) ciallaíonn ‘riosca cumhdaigh’ an riosca go dtabhófaí cailteanas ar shócmhainní arna gcoimeád faoi chumhdach i gcás dócmhainneacht, faillí, calaois, drochriarachán nó coimeád neamhleor taifead ag taiscéanach nó ag fo-thaiscéanach;
- (19) ciallaíonn ‘cibir-riosca’ an teaghlaim den dóchúlacht go dtarlóidh cibirtheagmhais agus den tionchar a bheadh ag na cibirtheagmhais sin;
- (20) ciallaíonn ‘seachfhoinisíú’ socrú in aon fhoirm idir an t-oibreoir SIPS agus tríú páirtí nó eintiteas inghrúpa faoina dtugann an tríú páirtí nó an t-eintiteas inghrúpa sin faoi fheidhmeanna, oibríochtaí agus/nó seirbhísí a dhéanadh an t-oibreoir SIPS murach sin;

- (21) ciallaíonn ‘riosca sistéamach’ an riosca nach gcomhlíonfaidh rannpháirtí nó an t-oibreoir SIPS a n-oibleagáidí faoi seach in SIPS agus, dá bharr sin, nach mbeidh rannpháirtithe eile agus/nó an t-oibreoir SIPS in ann a n-oibleagáidí a chomhlíonadh nuair a bheidh siad dlite, agus an baol ann dá réir go mbeidh éifeachtaí seach-iarmharta ann lena ndéanfaí dochar do chobhsaíocht an chórais airgeadais nó don mhuintir atá ag daoine as an gcóras airgeadais;
- (22) ciallaíonn ‘beart ceartaitheach’ beart sonrathach nó gníomh sonrathach, gan beann ar a fhoirm, ar a fhad nó ar a thromchúisí atá sé, a fhorchuireann údarás inniúil ar oibreoir SIPS chun neamhchomhlíonadh cheanglais Airteagail 8 go 27 agus Airteagal 29 a leigheas nó chun deimhin a dhéanamh de nach dtarlóidh neamhchomhlíonadh den sórt sin an athuair;
- (23) ciallaíonn ‘banc socraíochta’ banc a bhfuil cuntais ina sheilbh aige maidir le híocaíochtaí, áit a gcomhlíontar na hoibleagáidí a éiríonn as córas íocaíochta;
- (24) ciallaíonn ‘rannpháirtí indéreach’ eintiteas dlítheanach nach bhfuil rochtain dhíreach aige ar sheirbhísí an SIPS agus nach mbíonn, de ghnáth, faoi cheangal conarthach díreach ag rialacha an SIPS atá i gceist, agus a ndéanann an SIPS a chuid orduithe um aistriú a imréiteach, a shocrú agus a tháifeadadh trí rannpháirtí díreach. Tá caidreamh conarthach ag rannpháirtí indéreach le rannpháirtí díreach. Tá na heintitis dhlítheanacha ábhartha teoranta don mhéid seo a leanas:
- institiúidí creidmheasa mar a shainmhínítear in Airteagal 4(1), pointe (1), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁷⁾;
 - gnólachtaí infheistíochta mar a shainmhínítear in Airteagal 4(1), pointe (1), de Threoir 2014/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁸⁾;
 - aon ghnóthas a bhfuil a cheannoifig lasmuigh den Aontas agus a gcomhfhreagraíonn a fheidhmeanna do fheidhmeanna institiúide creidmheasa nó gnólachta infheistíochta de chuid an Aontais, mar a shainmhínítear i bpointí (i) agus (ii);
 - údarás phoiblí agus gnóthais atá ráthaithe go poiblí, agus contrapháirtithe lárnacha, gníomhairí socraíochta, tithe imréitigh agus oibreoirí córais mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointí (c), (d), (e) agus (p), de Threoir 98/26/CE;
 - institiúidí íocaíochta agus institiúidí ríomh-airgid mar a shainmhínítear in Airteagal 4, pointe (4), de Threoir (AE) 2015/2366 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁹⁾ agus in Airteagal 2, pointe (1), de Threoir 2009/110/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹⁰⁾;
- (25) ordú aistrithe mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (i), an chéad fhleasc, de Threoir 98/26/CE ⁽¹¹⁾;
- (26) ciallaíonn ‘comhthaobhacht trasteorann’ comhthaobhacht, ó thaobh na tíre ina nglactar leis na sócmhainní mar chomhthaobhacht, ar comhthaobhacht eachtrach ceann amháin ar a laghad díobh seo a leanas ina leith: (a) airgeadra na hainmníochta; (b) an tír ina bhfuil na sócmhainní suite; nó (c) an tír ina bhfuil an t-eisitheoir bunaithe;
- (27) ciallaíonn ‘oibleagáidí airgeadais’ oibleagáidí dlíthiúla a eascraíonn, laistigh den SIPS, idir rannpháirtithe nó idir rannpháirtithe agus an t-oibreoir SIPS, de thoradh orduithe um aistriú a bheith déanta sa SIPS sin;
- (28) ciallaíonn ‘cibirtheamhas’ aon tarlú inbhraite i gcóras faisnéise, lena n-áirítear na líonraí lenar féidir faisnéis agus cumarsáid a aistriú, (a) a chuireann an chibearshlándáil i mbaol nó a dhéanann dochar di nó (b) a sháraíonn na beartais slándála, na nósanna imeachta slándála nó na beartais úsáide inghlactha, bíodh siad mar thoradh ar ghníomhaíocht mhailíseach nó ná bíodh;

⁽⁷⁾ Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le ceanglais stuamachta i gcomhair institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta, agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 (IO L 176, 27.6.2013, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2013/575/oj>).

⁽⁸⁾ Treoir 2014/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 maidir le margáil in ionstraimí airgeadais agus lena leasaítear Treoir 2002/92/CE agus Treoir 2011/61/AE (athmhúnlú) (IO L 173, 12.6.2014, lch. 349, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2014/65/oj>).

⁽⁹⁾ Treoir (AE) 2015/2366 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2015 maidir le seirbhísí íocaíochta sa mhargadh inmheánach, lena leasaítear Treoracha 2002/65/CE, 2009/110/CE agus 2013/36/AE agus Rialachán (AE) Uimh 1093/2010, agus lena n-aisghairtear Treoir 2007/64/CE (IO L 337, 23.12.2015, lch. 35, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2015/2366/oj>).

⁽¹⁰⁾ Treoir 2009/110/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Meán Fómhair 2009 maidir le dul i mbun gnó foras airgid leictreonaigh, gnó den sórt sin a shaothrú nó maoirseacht stuamachta a dhéanamh air lena leasaítear Treoir 2005/60/CE agus Treoir 2006/48/CE agus lena n-aisghairtear Treoir 2000/46/CE (IO L 267, 10.10.2009, lch. 7, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2009/110/oj>).

⁽¹¹⁾ Treoir 98/26/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Bealtaine 1998 maidir le críochnaitheacht socraíochta i gcórais íocaíochta agus socraíochta urrús (IO L 166, 11.6.1998, lch. 45, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/1998/26/oj>).

- (29) ciallaíonn ‘rannpháirtí díreach’ eintiteas dlítheanach a bhfuil rochtain dhíreach aige ar sheirbhísí an SIPS ar bhonn gaol conarthach trína bhfuil sé faoi cheangal ag rialacha an SIPS atá i gceist, a bhfuil cead aige orduithe um aistriú a sheoladh chuig an gcóras sin agus atá in ann orduithe um aistriú a fháil ón gcóras sin;
- (30) ciallaíonn ‘cibearshlándáil’ rúndacht, sláine agus infhaighteacht faisnéise agus/nó córas faisnéise a chaomhnú, lena n-áirítear na líonraí lenar féidir faisnéis agus cumarsáid a aistriú;
- (31) ciallaíonn ‘lá gnó’ lá gnó mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (n), de Threoir 98/26/CE;
- (32) ciallaíonn ‘cibearbhagairt’ aon chúinse a d’fhéadfadh leas a bhaint as leochaileacht amháin nó níos mó agus a d’fhéadfadh tionchar díobhálach a imirt ar an gcibearshlándáil;
- (33) ciallaíonn ‘soláthraí seirbhísí seachfhoinsíocháin’ tríú páirtí nó eintiteas inghrúpa a thugann faoi fheidhmeanna, oibriochtaí agus/nó seirbhísí i gcomhthéacs socrú seachfhoinsithe;
- (34) ciallaíonn ‘íocaíocht trasteorann’ íocaíocht idir rannpháirtithe atá bunaithe i dtíortha éagsúla;
- (35) ciallaíonn ‘stiúrthóir neamhspleách’, i gcóras boird aonadaigh, comhalta neamhfheidhmiúcháin den bhord nó, i gcóras débhoird, comhalta den bhord maoriseachta nó den bhord coibhéseach, nach bhfuil aon ghaol gnó, teaghlaigh nó eile aige nó aici lena gcruthaítear coinbhleacht leasa maidir leis an SIPS nó leis an oibreoir SIPS, lena scairshealbhóirí rialúcháin, lena lucht bainistíochta nó lena rannpháirtithe, agus nach raibh aon ghaol den sórt sin aige nó aici le linn an dá bhliain sular chomhalta den Bhord é nó í;
- (36) ciallaíonn ‘plean téarnaimh’ plean arna fhorbairt ag oibreoir SIPS chun oibriú rianúil SIPS a athbhunú;
- (37) ciallaíonn ‘plean clabhsúir ordúil’ plean arna fhorbairt ag oibreoir SIPS chun SIPS a dhúnadh ar bhealach ordúil;
- (38) ciallaíonn ‘geallsealbhóirí ábhartha’ rannpháirtithe, BManna a bhfuil tionchar acu ar an riosca in SIPS, agus, ar bhonn cás ar chás, gníomhaithe eile sa mhargadh a bhfuil difear déanta dóibh;
- (39) ciallaíonn ‘staid éigeandála’ teagmhas, tarlú nó imthoisc a d’fhéadfadh a bheith ina chúis le cailleadh na bhfeidhmeanna, na n-oibriochtaí agus/nó na seirbhísí atá ag SIPS nó le míshocracht sna nithe sin, lena n-áirítear cur isteach ar shocráíocht chríochnaitheach nó socraíocht chríochnaitheach a chosc;
- (40) cáilíonn ‘ábhar’ riosca, spleáchas agus/nó athrú a lena bhféadfaí difear a dhéanamh do chumas eintitis seirbhísí a chur i gcrích nó a sholáthar mar a bhíodhas ag dréim leis;
- (41) ciallaíonn ‘soláthróir leachtachta’ soláthróir airgid faoi Airteagail 10(3), 11(5), 13(1), 13(9) agus 13(11) nó sócmhainní faoi Airteagal 13(4), lena n-áirítear rannpháirtí de chuid SIPS nó páirtí seachtrach de chuid SIPS;
- (42) ciallaíonn ‘neamhchosaint creidmheasa’ suim nó luach atá faoi riosca nach socróidh rannpháirtí ar a luach iomlán, an tráth a mbeidh sé dlite nó tráth ar bith ina dhiaidh sin;
- (43) ciallaíonn ‘córas glansocraíochta iarchurtha’ (córas DNS) córas a ndéantar socraíocht in airgead bainc ceannais ina leith ar bhonn glan ag deireadh timthrialla réamhshainithe socraíochta, e.g. ag deireadh lae gnó nó le linn lae gnó;
- (44) ciallaíonn ‘cleamhnaí’ cuideachta atá i mbun an rannpháirtí a rialú, nó atá á rialú ag an rannpháirtí, nó atá á rialú i gcomhar leis an rannpháirtí. Sainmhínítear rialú cuideachta mar (a) úinéireacht, rialú nó sealbhú 20 % nó níos mó d’aicme urrús vótála de chuid na cuideachta; nó (b) comhdhlúthú na cuideachta le haghaidh tuairiscíú airgeadais;
- (45) ciallaíonn ‘riosca margaidh’ an riosca go dtarlódh cailteanais, i suíomhanna ar an gclár comhardaithe nó i suíomhanna lasmuigh den chlár comhardaithe, de bharr athruithe ar phraghsanna margaidh;
- (46) ciallaíonn ‘riosca comhghaolmhaireachta’ riosca de dhroim neamhchosaint ar rannpháirtí nó ar eisitheoir nuair atá an chomhthaobhacht arna soláthar ag an rannpháirtí sin nó arna heisiúint ag an eisitheoir sin comhghaolaithe go dlúth lena riosca creidmheasa;
- (47) ciallaíonn ‘gníomhaí nostro’ banc atá á úsáid ag na rannpháirtithe in SIPS i gcomhair socraíochta;
- (48) ciallaíonn ‘banc taisclainne’ banc a bhfuil sócmhainní airgeadais tríú páirtithe ina sheilbh aige agus iad á gcoimirciú aige;

- (49) ciallaíonn ‘dálaí margaidh atá foircneach ach inchreidte’ tacar uileghabhálach dálaí stairiúla agus hipitéiseacha, lena n-áirítear na tréimhsí ba luainí a ndeachaigh na margaí dá bhfónann an SIPS tríothu;
- (50) ciallaíonn ‘íocaíocht aontaobhach’ íocaíocht lena ngabhann aon aistriú cistíochta amháin in aon airgeadra amháin;
- (51) ciallaíonn ‘íocaíocht dhéthaobhach’ íocaíocht lena ngabhann dhá aistriú cistíochta in airgeadraí difriúla i gcóras socraíochta ‘malartú ar a luach’;
- (52) ciallaíonn ‘dáta socraíochta beartaithe’ an dáta atá iontráilte in SIPS mar dháta socraíochta ag seoltóir ordaithe um aistriú;
- (53) ciallaíonn ‘riosca bunairgid’ an riosca go gcaillfidh contrapháirtí an luach iomlán a ghabhann leis an idirbheart, i.e. an riosca go seachadfaidh díoltóir sócmhainne airgeadais an tsócmhainn ar bhonn neamh-inchúlghairthe, ach nach bhfaighidh sé íocaíocht, nó an riosca go n-íocfaidh ceannaitheoir sócmhainne airgeadais as an tsócmhainn ar bhonn neamh-inchúlghairthe, ach nach bhfaighidh sé an tsócmhainn;
- (54) ciallaíonn ‘soláthraí seirbhísí agus fóntas’ einteachas tríú páirtí nó inghrúpa a sholáthraíonn próiseas, seirbhís, fóntas nó gníomhaíocht, nó codanna díobh, d’oibreoir SIPS;
- (55) ciallaíonn ‘faisnéis i dtaobh bagairtí’ aon fhaisnéis a rinneadh a chomhiomlánú, a chlaochlú, a anailísiú, a léirmhíniú nó a shaibhriú chun an comhthéacs is gá a sholáthar ar mhaithe leis an gcinnteoireacht chun tionchar cibirtheamhais nó cibearbhagairte a mhaolú;
- (56) ciallaíonn ‘fo-sheachfhoinisí’, maidir leis an oibleagáid atá ar sholáthraí seirbhísí seachfhoinisithe feidhmeanna, oibríochtaí agus/nó seirbhísí a sholáthar, aistriú na hoibleagáide sin ag an soláthraí chuig tríú páirtí eile nó chuig einteachas inghrúpa eile;
- (57) ciallaíonn ‘riosca comhchruinnithe’ an riosca atá ann de bharr neamhchosaint ar sholáthraí aonair seirbhísí seachfhoinisithe nó ar sholáthraithe éagsúla seirbhísí seachfhoinisithe, a bhfuil de thoradh air go gcruthaítear spleáchas áirithe ar an tsoláthraí sin ionas go bhféadfaí, de bharr neamh-infhaighteacht, cliseadh nó easnamh eile ó thaobh sheirbhís an tsoláthraí sin, dochar a dhéanamh don SIPS agus/nó don oibreoir SIPS, lena n-áirítear trína chumas a sheirbhísí a oibriú agus a sholáthar a chur i mbaol, agus/nó cobhsaíocht airgeadais an Aontais ina iomláine a chur i mbaol.

CUID II

CRITÉIR AGUS PRÓISEAS SAINAITHEANTAIS

Airteagal 3

Critéir agus cinneadh sainaitheantais

1. Sainaitheofar córas íocaíochta mar SIPS más rud é:
 - (a) go bhfuil sé incháilithe mar chóras é ar féidir le Ballstát a bhfuil an euro mar airgeadra aige fógra a thabhairt ina leith gur córas é de bhun Threoir 98/26/CE nó go bhfuil a oibreoir bunaithe sa limistéar euro, lena n-áirítear é a bheith bhunaithe trí bhíthin brainse, trína n-oibrítear an córas; agus
 - (b) go dtarlaíonn dhá ní ar a laghad de na nithe seo a leanas in imeacht bliain féilire:
 - (i) is mó ná EURO 10 mbilliún meánluach laethúil iomlán na n-íocaíochtaí arna n-ainmniú in euro a phróiseáiltear;
 - (ii) is ionann na híocaíochtaí iomlána arna n-ainmniú in euro agus ceann amháin ar a laghad de na nithe seo a leanas:
 - 15 % de mhéid iomlán na n-íocaíochtaí arna n-ainmniú in euro san Aontas,
 - 5 % de mhéid iomlán na n-íocaíochtaí trasteorann arna n-ainmniú in euro san Aontas,
 - sciar den mhargadh atá cothrom le 75 % de mhéid iomlán na n-íocaíochtaí arna n-ainmniú in euro ar leibhéal Ballstáit a bhfuil an euro mar airgeadra aige;

- (iii) baineann a ghníomhaíocht trasteorann (i.e. rannpháirtithe atá bunaithe i dtír seachas tír an oibreora SIPS agus/nó ó naisc trasteorann le córais íocaíochta eile) le cúig thír nó os a chionn sin agus gintear leis an ngníomhaíocht trasteorann sin 33 % ar a laghad de mhéid iomlán na n-íocaíochtaí arna n-ainmniú in euro a phróiseálann an SIPS sin;
- (iv) úsáidtear é chun BMAAnna eile a shocrú.

Déanfar cleachtadh sainaitheantais ar bhonn bliantúil.

2. D'ainneoin mhír 1, féadfaidh an Chomhairle Rialaithe, agus breithiúnas fóna réasúnaithe á fheidhmiú aici, cinneadh a dhéanamh freisin faoi mhír 3 go sainaitheofar córas íocaíochta mar SIPS i gceachtar de na cásanna seo a leanas:

- (a) i gcás ina mbeadh cinneadh den sórt sin iomchuí, agus cineál, méid agus castacht an chórais íocaíochta á gcur san áireamh; cineál agus tábhacht a rannpháirtithe; inionadaitheacht an chórais íocaíochta agus an fháil atá ar roghanna malartacha air; agus an caidreamh, na hidirthuilleamaíochtaí agus na hidirghníomhaíochtaí eile atá ag an gcóras leis an gcóras airgeadais i gcoitinne;
- (b) i gcás nach gcomhlíonann córas íocaíochta na critéir a leagtar amach i mír 1 ar an gcúis go dtarlaíonn na critéir arna leagan amach i bpointe (b) de mhír 1 in imeacht tréimhse níos giorra ná bliain féilire agus go bhfuil sé inchreidte go leanfaidh an córas íocaíochta de na critéir a chomhlíonadh nuair a dhéanfar measúnú air sa chéad athbhreithniú fíorúcháin eile, agus ar an gcúis sin amháin.

3. Glacfaidh an Chomhairle Rialaithe le cinneadh réasúnaithe lena sainithnítear na córais íocaíochta atá faoi réir an Rialacháin seo, mar aon leis na hoibreoír agus na húdaráis inniúla faoi seach a ghabhann leo. Coimeádfar an liosta sin ar shuíomh gréasáin BCE agus nuashonrófar é tar éis gach aon athrú.

4. Fanfaidh cinneadh arna ghlacadh faoi mhír 3 i bhfeidhm go dtí go n-aisghairfear é. Déanfar athbhreithnithe fíorúcháin ar chórais íocaíochta a sainithníodh mar SIPS ar bhonn bliantúil chun a fhíorú go leanann na córais íocaíochta de bheith ag comhlíonadh na gcritéir chun iad a shainithint mar SIPS. Aisghairfear cinneadh a glacadh de bhun mhír 3 más rud é:

- (a) in dhá athbhreithniú fíorúcháin chomhleanúnacha, go bhfíoraítear nár chomhlíon SIPS na critéir a leagtar amach i mír 1 agus/nó i mír 2; nó
- (b) in athbhreithniú fíorúcháin amháin, go bhfíoraítear nár chomhlíon SIPS na critéir a leagtar amach i mír 1 agus/nó i mír 2 agus go léiríonn an t-oibreoír SIPS, chun sástacht na Comhairle Rialaithe, nach dócha go gcomhlíonfaidh an SIPS na critéir sin roimh an gcéad athbhreithniú fíorúcháin eile.

5. Beidh sé de cheart ag oibreoír an chórais íocaíochta a iarraidh ar an gComhairle Rialaithe athbhreithniú a dhéanamh ar an gcinneadh lena sainithnítear an córas íocaíochta lena mbaineann mar SIPS laistigh de 30 lá ón tráth a bhfaigheann sé an cinneadh sin. Áireofar gach faisnéis tacaíochta san iarraidh sin agus seolfar í i scríbhinn chuig an gComhairle Rialaithe. Tabharfaidh an Chomhairle Rialaithe cinneadh réasúnaithe mar fhreagairt ar an iarraidh sin agus tabharfaidh sí fógra i scríbhinn don oibreoír córais íocaíochta faoi gcinneadh sin. Leis an bhfógra i scríbhinn cuirfear in iúl don oibreoír sin go bhfuil sé de cheart aige athbhreithniú breithiúnach a dhéanamh i gcomhréir leis an gConradh. Mura mbeidh cinneadh déanta ag an gComhairle Rialaithe laistigh de dhá mhí ón tráth a ndéantar an iarraidh, measfar gur diúltaíodh don athbhreithniú.

Airteagal 4

Fógra i scríbhinn maidir le tús a chur leis an bpróiseas chun córas íocaíochta a shainithint mar SIPS

Tabharfaidh BCE fógra don oibreoír córais íocaíochta go bhfuil sé ar intinn aige próiseas a thionscnadh faoi Airteagal 3 d'fhonn an córas íocaíochta sin a shainithint mar SIPS. Sonrófar san fhógra i scríbhinn na fórais ábhartha uile agus na forais dhlíthiúla uile a bhaineann leis an bhféidearthacht an córas íocaíochta lena mbaineann a shainithint mar SIPS.

Airteagal 5

Ceart rochtana ar chomhaid le linn an phróisis chun córas íocaíochta a shainithint mar SIPS

Ach a bhfaighidh an t-oibreoír córais íocaíochta an fógra i scríbhinn dá dtagraítear in Airteagal 4, beidh sé i dteideal rochtain a fháil ar chomhaid, doiciméid nó ábhar eile BCE ar a bhfuil sainithint an chórais íocaíochta sin mar SIPS bunaithe. Ní fholóidh an ceart sin faisnéis a mheastar a bheith rúnda maidir le BCE, maidir le banc ceannais náisiúnta nó maidir le trú páirtithe eile, lena n-áirítear institiúidí nó comhlachtaí eile de chuid an Aontais.

*Airteagal 6***Ceart éisteacht a fháil le linn an phróisis chun córas íocaíochta a shainaithe mar SIPS**

1. San fhógra i scríbhinn arna sheoladh ag BCE i gcomhréir le hAirteagal 4, tabharfar teorainn ama shocraithe don oibreoir córais íocaíochta ar laistigh di a fhéadfaidh sé cuntas a thabhairt i scríbhinn ar agóidí, tuairimí agus barúlacha ar bith maidir leis na fíorais agus na forais dhlíthiúla a bheidh curtha i láthair san fhógra i scríbhinn. Ní bheidh an teorainn ama sin níos giorra ná 30 lá oibre dar tús an tráth a bhfaighidh an t-oibreoir córais íocaíochta an fógra i scríbhinn.
2. Féadfaidh BCE an deis a thabhairt don oibreoir córais íocaíochta, arna iarraidh sin dó, a thuairimí a chur in iúl i gcruinniú ó bhéal. Déanfaidh na páirtithe uile miontuairisc i scríbhinn ar an gcruinniú a ullmhú agus a shíniú. Cuirfear cóip den mhiontuairisc ar fáil do na páirtithe uile.
3. D'ainneoin mhír 2, féadfaidh BCE cinneadh a eisiúint lena sainaitheítear córas íocaíochta mar SIPS gan deis a thabhairt don oibreoir córais íocaíochta a thuairimí, a agóidí nó a bharúlacha a chur in iúl maidir leis na fíorais agus na forais dhlíthiúla a cuireadh i láthair san fhógra i scríbhinn a sheol BCE, ar choinníoll go meastar gur gá sin chun damáiste suntasach don chóras airgeadais a chosc.

*Airteagal 7***Inspregadh an chinnidh lena sainaitheítear córas íocaíochta mar SIPS**

1. Cinneadh BCE lena sainaitheítear córas íocaíochta mar SIPS, beidh ráiteas ar na cúiseanna atá leis an gcinneadh sin ag gabháil leis. Ar áireamh sa ráiteas ar na cúiseanna beidh na fíorais ábhartha agus na forais dhlíthiúla ar a bhfuil cinneadh BCE bunaithe.
2. Faoi réir Airteagal 6(3), ní bhunóidh BCE an cinneadh dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo ach amháin ar na fíorais agus ar na forais dhlíthiúla ar a raibh an t-oibreoir córais íocaíochta in ann a bharúil a thabhairt.

CUID III

CEANGLAIS A FHORCHUIRTEAR AR OIBREOIRÍ SIPS*Airteagal 8***Fóntacht dhlíthiúil**

1. Déanfaidh oibreoir SIPS measúnú i dtaobh an dtugtar, leis an dlí is infheidhme i ngach córas dlí ábhartha, ardleibhéal cinnteachta do gach gné ábhartha de ghníomhaíochtaí a SIPS agus an dtacaíonn an dlí sin leis na gnéithe sin.
2. Cuirfidh oibreoir SIPS rialacha agus nósanna imeachta SIPS ar bun, agus déanfaidh sé conarthaí, atá soiléir agus comhsheasmhach leis an dlí is infheidhme i ngach córas ábhartha dlí.
3. Beidh oibreoir SIPS in ann an dlí, na rialacha, na nósanna imeachta agus na conarthaí is infheidhme maidir le hoibriú SIPS a shonrú don údarás inniúil, do na rannpháirtithe, agus, i gcás inarb ábhartha, do chustaiméirí na rannpháirtithe, ar bhealach soiléir intuigthe.
4. Déanfaidh oibreoir SIPS bearta chun a áirithiú go mbeidh a rialacha, a nósanna imeachta agus a chonarthaí in-fhorfheidhmithe i ngach córas dlí ábhartha, agus nach ndéanfar na gníomhartha a dhéanfaidh sé faoi na rialacha, na nósanna imeachta agus na conarthaí sin a chur ar neamhní, a fhreaschur ná a chur faoi réir bac.
5. Déanfaidh oibreoir SIPS a bhfuil gnó á dhéanamh aige i mbreis agus córas dlí amháin na rioscaí a eascraíonn as aon easaontacht dlíthe a d'fhéadfadh a bheith ann a shainaitheint agus a mhaolú.
6. Déanfaidh oibreoir SIPS a dhícheall ainmniú an SIPS faoi Threoir 98/26/CE a áirithiú.

*Airteagal 9***Rialachas**

1. Beidh cuspóirí doiciméadaithe ag oibreoir SIPS agus ardtosaíocht á tabhairt leis na cuspóirí sin do shábháilteacht agus éifeachtúlacht an SIPS. Tacófar go hintuigthe leis na cuspóirí sin leis an gcobhsaíocht airgeadais agus le ceisteanna ábhartha eile leasa phoiblí, go háirithe margáí oscailte éifeachtúla.

2. Beidh socruithe rialachais éifeachtach agus doiciméadaithe i bhfeidhm ag oibreoir SIPS lena dtugtar línte soiléire díreacha freagrachta agus cuntasachta. Cuirfear na socruithe sin ar fáil don údarás inniúil, do na húinéirí agus do na rannpháirtithe. Cuirfidh an t-oibreoir SIPS leaganacha giorraithe díobh sin ar fáil don phobal.

3. Saineofar go soiléir ról agus freagrachtaí an Bhoird. Áireofar ar ról agus freagrachtaí an Bhoird gach ní de na nithe seo a leanas:

- (a) aidhmeanna agus cuspóirí straitéiseacha soiléire a bhunú don SIPS;
- (b) nósanna imeachta doiciméadaithe a bhunú le haghaidh fheidhmiú an SIPS, lena n-áirítear nósanna imeachta chun coinbhleachtaí leasa a chuid comhaltaí a shainaithint, aghaidh a thabhairt orthu agus iad a bhainistiú;
- (c) cé is moite de SIPSanna an Eurochórais, deimhin a dhéanamh de go ndéantar comhaltaí an Lucht Bainistíochta a roghnú, a chur faoi fhaireachán agus, i gcás inarb iomchuí, a chur as oifig go héifeachtach;
- (d) cé is moite de SIPSanna an Eurochórais, beartais chúitimh iomchuí a bhunú, i gcomhréir leis na dea-chleachtais agus bunaithe ar mhórgníomhartha fadtéarmacha.

4. Cé is moite de SIPSanna an Eurochórais, déanfaidh an Bord athbhreithniú ar a fheidhmíocht fhoriomlán féin agus ar fheidhmíocht a chomhaltaí aonair go bliantúil ar a laghad.

5. Beidh de thoradh ar chomhdhéanamh an Bhoird go mbeidh ionracas ann, agus, cé is moite de SIPSanna an Eurochórais, go mbeidh meascán iomchuí ann de scileanna teicniúla, d'eolas agus de thaithí ar SIPSanna agus ar an margadh airgeadais i gcoitinne, ionas go mbeidh an Bord in ann a ról agus a fhreagrachtaí a chomhlíonadh. Cuirfear san áireamh sa chomhdhéanamh freisin leithdháileadh na n-inniúlachtaí i gcomhréir leis an dlí náisiúnta. Cé is moite de SIPSanna an Eurochórais, agus má cheadaítear é faoin dlí náisiúnta, áireofar ar an mBord comhaltaí neamhfheidhmiúcháin boird, lena n-áirítear stiúrthóir neamhspleách amháin ar a laghad.

6. Bunóidh agus maoirseoidh an Bord creat bainistithe riosca doiciméadaithe:

- (a) a mbeidh ar áireamh ann beartas an oibreora SIPS maidir le lamháltas riosca agus inghlacthacht riosca;
- (b) lena sannfar freagrachtaí agus cuntasacht as cinntí riosca;
- (c) lena ndéileálfar le cinnteoireacht i ngéarchéimeanna agus in éigeandálaí;
- (d) lena ndéileálfar le feidhmeanna rialúcháin inmheánaigh.

Bunóidh an Bord coiste riosca chun cabhrú leis i dtaobh chomhlíonadh na bhfreagrachtaí atá air i dtaca le riosca. Cuirfidh an coiste riosca comhairle ar an mBord maidir le bainistiú riosca an SIPS.

Áiritheoidh an Bord go mbeidh trí líne chosanta shoiléire éifeachtacha ann (oibríochtaí, bainistiú riosca agus iniúchadh inmheánach), atá ar leithligh óna chéile agus a bhfuil údarás leordhóthanach, neamhspleáchas leordhóthanach agus acmhainní leordhóthanacha acu agus rochtain leordhóthanach acu ar an mBord.

7. Beidh formheas an Bhoird ag teastáil le haghaidh cinntí a bhfuil tionchar suntasach acu ar phróifíl riosca an SIPS agus le haghaidh na bpríomhdhoiciméad riosca lena rialáítear oibríochtaí an SIPS. Ar a laghad, formheasfaidh an Bord agus athbhreithneoidh sé ar bhonn bliantúil an creat uileghabhálach bainistithe riosca dá dtagraítear in Airteagal 10(1), an plean téarnaimh agus clabhsúir ordúil agus an plean caipitil dá dtagraítear in Airteagail 10(4) agus 18(6) faoi seach, na creatáí maidir le riosca creidmheasa agus leachtachta dá dtagraítear in Airteagail 11(1) agus 13(1) faoi seach, an creat comhthaoibhachta lena rialáítear bainistiú na rioscaí dá dtagraítear in Airteagal 12, straitéis infheistíochta an SIPS dá dtagraítear in Airteagal 19(4), an creat riosca oibriúcháin agus an plean leanúnachais gnó gaolmhar dá dtagraítear in Airteagail 20(1) agus 20(6) faoi seach, an creat agus an straitéis cibear-athléimneachta dá dtagraítear in Airteagal 21(1), agus an creat um sheachfhoinisí dá dtagraítear in Airteagal 22(4).

8. Áiríteoidh an Bord go léireofar leis na cinntí móra lena ndéantar difear do leagan amach teicniúil agus feidhmiúil, rialacha agus straitéis fhoriomlán an SIPS – go háirithe maidir leis an socrú imréitigh agus socraíochta a bheidh le roghnú, maidir leis an struchtúr oibriúcháin, maidir le scóip na dtáirgí a imréitítear nó a shocraítear, agus maidir le húsáid teicneolaíochta agus nósanna imeachta – leasanna dlísteanaacha gheallsealbhóirí ábhartha an SIPS go hiomchuí. Rachfar i gcomhairle go réasúnta leis na geallsealbhóirí ábhartha agus, i gcás inarb iomchuí, leis an bpobal roimh ré maidir leis na cinntí sin.

9. Saineofar go soiléir ról agus freagrachtaí na Bainistíochta, agus i gcás inarb infheidhme, an Bhainistíocht Brainse, mar aon leis na línte tuairiscithe laistigh den Bhainistíocht, agus i gcás inarb infheidhme an Bhainistíocht Brainse, agus na línte tuairiscithe idir an Bhainistíocht agus an Bord, agus i gcás inarb infheidhme an Bhainistíocht Brainse agus bord an eintitis dhlítheanaigh a bhfuil an brainse ina chuid spleách air ó thaobh an dlí de. Le comhdhéanamh na Bainistíochta, agus i gcás inarb infheidhme comhdhéanamh an Bhainistíochta, áiríteofar sláine phearsanta agus meascán iomchuí scileanna teicniúla, eolais agus taithí ar SIPSanna agus ar an margadh airgeadais i gcoitinne araon, rud a chuirfidh ar a gcumas a bhfreagrachtaí maidir le hoibriú agus bainistiú riosca an oibreora SIPS a chomhlíonadh.

10. Beidh an Bhainistíocht, faoi threoir an Bhoird, agus i gcás inarb infheidhme an Bhainistíocht Brainse, faoi stiúir an bhoird agus bainistíocht an eintitis dhlítheanaigh a bhfuil an brainse ina chuid de spleách ar an dlí, freagrach as an méid uile seo a leanas a áirithiú:

- (a) go bhfuil gníomhaíochtaí an oibreora SIPS comhsheasmhach lena chuspóirí, lena straitéis agus lena lamháltas riosca;
- (b) go ndéantar rialuithe inmheánacha agus nósanna imeachta gaolmhara a dhearadh, a fhorghníomhú agus a mhaoirsiú go hiomchuí chun cuspóirí an oibreora SIPS a chur chun cinn;
- (c) go bhfuil na rialuithe inmheánacha agus na nósanna imeachta gaolmhara faoi réir athbhreithniú agus tástáil rialta ag feidhmeanna bainistithe riosca agus iniúchóireachta inmheánaí atá dea-oilte agus a bhfuil foireann leordhóthanach acu;
- (d) go bhfuil sé rannpháirteach go gníomhach sa phróiseas rialúcháin riosca;
- (e) go bhfuil acmhainní leordhóthanacha á leithdháileadh ar chreat bainistithe riosca an SIPS.

11. I gcás ina sainaithnítear brainse mar oibreoir SIPS:

- (a) déanfar feidhmiú na gcúraimí is gá chun comhlíonadh an Rialacháin seo a áirithiú a tharmligean go cuí chuig an mBainistíocht Brainse; agus
- (b) beidh gach stiúrthóir bainistíochta a chomhdhéanann an Brainse ina gcomhaltaí de bhainistíocht an eintitis dhlítheanaigh a bhfuil an brainse ina chuid spleách air ó thaobh an dlí de.

Chun críche phointe (b), ciallaíonn ‘comhaltaí den bhainistíocht’, i gcóras boird aonadaigh, comhaltaí an Bhoird a bhíonn ag gabháil do bhainistiú laethúil an eintitis dhlítheanaigh agus aon oifigigh feidhmiúcháin eile arna gceapadh ag an mBord atá i mbun bhainistíocht laethúil an eintitis dhlítheanaigh nó, i gcóras débhoird, comhaltaí an bhoird bainistíochta agus aon oifigigh feidhmiúcháin eile arna gceapadh ag an mBord nó ag an mbord bainistíochta atá ag gabháil do bhainistíocht laethúil an eintitis dhlítheanaigh.

12. Comhlíonadh na gceanglas maidir le sláine faoi mhíreanna 5 agus 9 á áirithiú aige, breithneoidh oibreoir SIPS an bhfuil taifead ag comhaltaí an Bhoird agus ag Bainistíocht, agus i gcás inarb infheidhme Bainistíochta Brainse, oibreora SIPS i leith ciontuithé nó pionóis i leith sárúithe ar an dlí tráchtála is infheidhme, ar an dlí dócmhainneachta, ar an dlí seirbhísí airgeadais, ar an dlí frithsciúrtha airgid agus/nó ar an dlí maidir le maoiniú sceimhlitheoireachta agus ar shárúithe ar dhualgas gairmiúil chomh maith le calaois.

Airteagal 10

Creat chun rioscaí a bhainistiú go huileghabhálach

1. Déanfaidh oibreoir SIPS creat bainistithe riosca fóna a bhunú agus a choimeád chun an raon rioscaí a thagann chun cinn sa SIPS nó a iompraíonn an SIPS a shainaithint, a thomhas, a bhainistiú agus a chur faoi fhaireachán go huileghabhálach. Athbhreithneoidh sé an creat bainistithe riosca go bliantúil ar a laghad. Maidir leis an gcreat bainistithe riosca:

- (a) beidh ar áireamh ann beartas an oibreora SIPS maidir le lamháltas riosca agus uirlisí bainistithe riosca iomchuí;
- (b) sannfar leis na freagrachtaí agus an chuntasacht as cinntí riosca;

- (c) leagfar amach ann an modh cinnteoireachta i gcásanna éigeandála a bhaineann le SIPS, lena n-áirítear forbairtí i margaí airgeadais lena bhféadfaí dochar a dhéanamh do leachtacht an mhargaidh agus do chobhsaíocht an chórais airgeadais in aon Bhallstát a bhfuil an euro mar airgeadra aige agus ina bhfuil an t-oibreoir SIPS nó ceann de na rannpháirtithe bunaithe.
2. Cuirfidh oibreoir SIPS dreasachtaí ar fáil do rannpháirtithe agus, i gcás inarb ábhartha, dá gcustaiméirí chun na rioscaí a bhaineann leo agus a iompraíonn siad ón SIPS a bhainistiú agus a theorannú. Maidir le rannpháirtithe, áireofar ar na dreasachtaí sin córas pionós airgeadais atá éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach nó socrúithe um chailleanais chomhroinnte, nó iad sin araon.
3. Déanfaidh oibreoir SIPS athbhreithniú, uair sa bhliain ar a laghad, ar na rioscaí ábhartha a sheasann SIPS ó eintitis eile agus a chruthaíonn sé d'eintitis eile, lena n-áirítear, *inter alia*, BMAnna, bainc shocraíochta, soláthraithe leachtachta agus soláthraithe seirbhíse, mar thoradh ar idirthuilleamaíochtaí. Forbróidh an t-oibreoir SIPS uirlisí bainistithe riosca atá téagartha agus comhréireach leis an leibhéal riosca a sainaitníodh.
4. Saineoidh oibreoir SIPS feidhmeanna, oibríochtaí agus seirbhísí criticiúla an SIPS. Sainaitheoidh oibreoir SIPS cásanna féideartha sonracha ina bhféadfaí cosc a chur air na hoibríochtaí agus na seirbhísí criticiúla sin a sholáthar mar ghnóthas leantach agus déanfaidh sé measúnú ar éifeachtacht na roghanna uile maidir le téarnamh agus, cé is moite de SIPSanna an Eurochórais, maidir le clabhsúr ordúil. Déanfaidh sé athbhreithniú ar oibríochtaí criticiúla agus ar sheirbhísí criticiúla an SIPS uair sa bhliain ar a laghad. Bunaithe ar an measúnú sin, ullmhóidh oibreoir SIPS plean inmharthana le haghaidh téarnamh an SIPS agus, cé is moite de SIPSanna an Eurochórais, le haghaidh clabhsúr ordúil. Áireofar sa phlean le haghaidh téarnaimh nó le haghaidh clabhsúr ordúil, *inter alia*, achoimre shubstainteach ar na príomhstraitéisí téarnaimh agus clabhsúir ordúil, athráiteas i dtaobh oibríochtaí agus seirbhísí criticiúla an SIPS, agus cur síos ar na bearta is gá chun na príomhstraitéisí a chur chun feidhme. Soláthróidh oibreoir SIPS do na húdaráis ábhartha, i gcás inarb infheidhme, an fhaisnéis is gá le haghaidh pleanáil réitigh.

Airteagal 11

Riosca creidmheasa

1. Bunóidh oibreoir SIPS creat téagartha chun go ndéanfar tomhas, faireachán agus bainistiú ar a chuid neamhchosaintí creidmheasa ar rannpháirtithe an SIPS agus ar neamhchosaintí creidmheasa i measc na rannpháirtithe a eascraíonn as próisis íocaíochta, imréitigh agus socraíochta an SIPS.
2. Sainaitheoidh oibreoir SIPS na foinsí riosca creidmheasa go léir. Déanfar neamhchosaintí creidmheasa a thomhas agus a chur faoi fhaireachán i rith an lae, trí úsáid a bhaint as faisnéis thráthúil agus as uirlisí bainistithe riosca iomchuí.
3. I gcás córas DNS, áiritheoidh an t-oibreoir SIPS an méid seo a leanas:
- (a) go mbunófar oibleagáidí airgeadais tráth nach déanaí ná an tráth a n-áireofar ordú um aistriú i ríomh na nglansuíomhanna socraíochta a bhfuil rochtain ag gach rannpháirtí orthu; agus
- (b) go sealbhaítear acmhainní leordhóthanacha chun na neamhchosaintí creidmheasa a eascraíonn as sin a chumhdach i gcomhréir le mír 4 agus le mír 5 an tráth dá dtagraítear i bpointe (a) ar a dhéanaí.
4. Oibreoir SIPS, lena n-áirítear oibreoir córais DNS ag a bhfuil ráthaíocht socraíochta, a thabhaíonn neamhchosaint creidmheasa vis-à-vis rannpháirtithe SIPS le linn oibríochtaí an SIPS sin, cumhdóidh sé neamhchosaint creidmheasa ar gach rannpháirtí trí úsáid a bhaint as comhthaobhacht, as cistí ráthaíochta, as cothromas (tar éis asbhaint na suime atá tiomnaithe do riosca gnó ghinearálta a chumhdach) nó as acmhainní airgeadais coibhéiseacha eile.
5. Oibreoir SIPS, lena n-áirítear oibreoir córais DNS nach bhfuil aon ráthaíocht socraíochta aige, ach ina bhfuil neamhchosaintí creidmheasa a eascraíonn as próisis íocaíochta, imréitigh agus socraíochta roimh rannpháirtithe an SIPS, beidh rialacha nó socrúithe conarthacha i bhfeidhm ag an oibreoir SIPS sin leis na rannpháirtithe sin. Áiritheofar leis na rialacha nó leis na socrúithe conarthacha go gcuirfidh rannpháirtithe SIPS acmhainní leordhóthanacha ar fáil, dá dtagraítear i mír 4, chun neamhchosaintí creidmheasa a eascraíonn as na próisis íocaíochta, imréitigh agus socraíochta SIPS a chumhdach i ndáil leis an dá rannpháirtí ag a bhfuil, in éineacht lena gcleamhnaithe, an neamhchosaint chomhiomlán creidmheasa is mó.
6. Bunóidh oibreoir SIPS rialacha agus nósanna imeachta chun aghaidh a thabhairt ar chailleanais a eascraíonn go díreach as mainneachtain rannpháirtí amháin nó níos mó maidir lena n-oibleagáidí i leith an SIPS. Leis na rialacha agus na nósanna imeachta sin tabharfar aghaidh ar leithdháileadh cailleanas a d'fhéadfadh a bheith neamhchumhdaithe, lena n-áirítear aisíoc aon chistí a gheobhaidh oibreoir SIPS ar iasacht ó sholáthraithe leachtachta. Áireofar iontu rialacha agus nósanna imeachta an oibreora SIPS maidir le hathshlánú aon acmhainní airgeadais a úsáideann an SIPS le linn teagmhas struis, go dtí an leibhéal a leagtar síos i míreanna 4 agus 5.

*Airteagal 12***Comhthaobhacht**

1. Ní ghlacfaidh oibreoir SIPS ach leis na sócmhainní seo amháin mar chomhthaobhacht:
 - (a) airgead; agus
 - (b) sócmhainní lena ngabhann rioscaí ísle creidmheasa, leachtachta agus margaidh, i.e. sócmhainní ar féidir leis an oibreoir SIPS a léiriú don údarás inniúil ina leith, bunaithe ar mheasúnú inmheánach leordhóthanach, go gcomhlíontar leo na coinníollacha uile seo a leanas:
 - (i) eisitheoir nach bhfuil ach riosca íseal creidmheasa ag gabháil leis a d'eisigh iad;
 - (ii) tá siad inaistrithe gan srianadh agus gan aon bhac dlíthiúil ná aon éilimh tríú páirtí ag gabháil leo;
 - (iii) tá siad ainmnithe in airgeadra a bhfuil an riosca a ghabhann leis á bhainistiú ag an oibreoir SIPS;
 - (iv) tá sonraí iontaofa ann fúthu a fhoilsítear ar bhonn rialta;
 - (v) níl siad faoi réir riosca suntasach comhghaolmhaireachta ar aon slí eile;
 - (vi) ní eisióinn an rannpháirtí a sholáthraíonn an chomhthaobhacht iad ná eintiteas ar cuid é den ghrúpa ina bhfuil an rannpháirtí sin, ach amháin i gcás banna faoi chumhdach agus i gcás ina bhfuil na sócmhainní sa chomhthiomsú cumhdaigh leithscartha go hiomchuí laistigh de chreat dlíthiúil téagartha agus ina gcomhlíontar leo na ceanglais a leagtar amach i bpointí (i) go (v), agus sa chás sin amháin.

Agus an measúnú inmheánach ar phointí (i) go (vi) á dhéanamh aige, déanfaidh an t-oibreoir SIPS modheolaíocht oibiachtúil a shainiú, a dhoiciméadú agus a chur i bhfeidhm.

2. Déanfaidh oibreoir SIPS beartais agus nósanna imeachta a bhunú agus a chur chun feidhme chun faireachán a dhéanamh ar cháilíocht chreidmheasa, leachtacht mhargaidh agus luaineacht praghsanna gach sócmhainne a nglactar léi mar chomhthaobhacht. Déanfaidh oibreoir SIPS faireachán ar bhonn rialta, agus uair sa bhliain ar a laghad, ar leordhóthanacht a chuid beartais agus nósanna imeachta luachála. Déanfar athbhreithniú den sórt sin freisin aon uair a tharlaíonn athrú ábhartha lena ndéantar difear do neamhchosaint an SIPS ar riosca. Déanfaidh oibreoir SIPS marcáil ón margadh ar a chomhthaobhacht ar bhonn laethúil ar a laghad.

3. Bunóidh oibreoir SIPS caolchorraigh chobhsaí agus choimeádacha agus déanfaidh sé tástáil orthu uair sa bhliain ar a laghad agus cuirfidh sé dálaí anáis sa mhargadh san áireamh. Déanfaidh pearsanra, nach ionann iad agus an pearsanra a chruthaigh agus a chuir na nósanna imeachta caolchorraigh i bhfeidhm, nósanna imeachta caolchorraigh a bhailíochtú uair sa bhliain ar a laghad.

4. Déanfaidh oibreoir SIPS bearta chun sealúchais chomhdhlúite sócmhainní áirithe a sheachaint i gcás ina gcuirfeadh sé sin isteach go mór ar an gcumas sócmhainní den sórt sin a leachtú go tapa gan éifeachtaí díobhálacha suntasacha ar phraghsanna.

5. Oibreoir SIPS a ghlacann le comhthaobhacht trasteorann, déanfaidh sé na rioscaí a bhaineann lena húsáid a shainaithint agus a mhaolú agus áiritheoidh sé gur féidir an chomhthaobhacht trasteorann a úsáid go tráthúil.

6. Bainfidh oibreoir SIPS úsáid as córas bainistithe comhthaobhachta a bheidh éifeachtach agus solúbtha ó thaobh an oibriúcháin de.

7. Níl feidhm ag mír 1 maidir le SIPSanna an Eurochórais.

*Airteagal 13***Riosca leachtachta**

1. Bunóidh oibreoir SIPS creat uileghabhálach chun bainistiú a dhéanamh ar rioscaí leachtachta ó rannpháirtithe SIPS, ó bhainc shocraíochta, ó ghníomhairí nostro, ó bhainc thaisclainne, ó sholáthraithe leachtachta agus ó eintitis ábhartha eile. Cuirfidh an t-oibreoir SIPS uirlisí leordhóthanacha ar fáil do na rannpháirtithe chun a leachtacht a bhainistiú go héifeachtach agus déanfaidh sé faireachán ar shreabhadh rianúil leachtachta sa chóras agus éascóidh sé an sreabhadh sin.

2. Cuirfidh oibreoir SIPS i bhfeidhm uirlisí oibriúcháin agus anailíseacha lena gcuirfead ar a chumas sreafaí socraíochta agus cistiúcháin a shainaithint, a thomhas agus a chur faoi fhaireachán, lena n-áirítear úsáid a bhaint as leachtacht ionlae, ar bhonn leanúnach tráthúil.

3. Áiritheoidh oibreoir SIPS a oibríonn córas DNS an méid seo a leanas:
- go mbunófar oibleagáidí airgeadais tráth nach déanaí ná an tráth a n-áireofar ordú um aistriú i ríomh na nglansuíomhanna socraíochta a bhfuil rochtain ag gach rannpháirtí orthu; agus
 - go sealbhaítear acmhainní leordhóthanacha leachtacha i gcomhréir le míreanna 4 go 7 ar a dhéanaí an tráth dá dtagraítear i bpointe (a).
4. Beidh ina sheilbh ag oibreoir SIPS, nó áiritheoidh sé go mbeidh ina seilbh ag rannpháirtithe, acmhainní leachtacha leordhóthanacha i gcónaí amhail ón tráth a mbunófar oibleagáidí airgeadais, i ngach airgeadra ina n-oibríonn sé, chun socraíocht aonlae oibleagáidí airgeadais a chur i gcrích i raon leathan cásanna féideartha struis. I gcás inarb iomchuí, áireofar leis sin socraíocht ionlae nó il-laethanta. Aireofar ar na cásanna féideartha struis:
- mainneachtain, faoi dhálaí margaidh atá foircneach ach inchreidte, an rannpháirtí a bhfuil an oibleagáid airgeadais chomhiomlán is mó air in éineacht lena chleamhnaithe; agus
 - cásanna féideartha eile i gcomhréir le mír 12.
5. Beidh ina sheilbh ag oibreoir SIPS a shocraíonn íocaíochtaí aontaobhacha in euro, nó áiritheoidh sé go mbeidh ina seilbh ag rannpháirtithe, acmhainní leordhóthanacha leachtacha, i gcomhréir le mír 4, chun oibleagáidí airgeadais a shocrú go tráthúil i gcás mhainneachtain an rannpháirtí, a bhfuil, in éineacht lena chleamhnaithe, an oibleagáid airgeadais chomhiomlán is mó air mar a chinntear le mír 4(a), ar aon cheann de na bealaí seo a leanas:
- in airgead tirim laistigh den Eurochóras; nó
 - i gcomhthaobhacht incháilithe mar a shainmhínítear i gcreat comhthaobhachta an Eurochórais a leagtar síos i dTreoirlíne (AE) 2015/510 ón mBanc Ceannais Eorpach (BCE/2014/60) ⁽¹²⁾ agus i dTreoirlíne BCE/2014/31 ón mBanc Ceannais Eorpach ⁽¹³⁾ ar choinníoll gur féidir leis an oibreoir SIPS a léiriú go bhfuil comhthaobhacht den sórt sin ar fáil gan stró agus in-chomhshóite in airgead tirim ar bhonn aonlae trí úsáid a bhaint as socruithe cistiúcháin atá réamhshocrúithe agus an-iontaofa, lena n-áirítear i ndálaí anáis sa mhargadh.
6. Beidh ina sheilbh ag oibreoir SIPS a shocraíonn íocaíochtaí aontaobhacha in euro, nó áiritheoidh sé go mbeidh ina seilbh ag rannpháirtithe, acmhainní leachtacha breise, i gcomhréir le mír 4, pointe (b), ar na bealaí dá dtagraítear i mír 5 nó le banc tráchtála inchairde i gceann amháin nó níos mó de na hionstraimí seo a leanas:
- línte geallta creidmheasa;
 - babhtálacha geallta airgeadraí eachtracha;
 - comhaontuithe geallta athcheannaigh;
 - sócmhainní a chomhlíonann ceanglais Airteagal 12(1) agus atá i seilbh taisceánaigh;
 - infheistíochtaí.
7. Ní mór, leis na hionstraimí sin go léir, go bhféadfadh airgead tirim a bheith ar fáil laistigh de thréimhse a fhágann gur féidir socraíocht aonlae a chur i gcrích. Thar aon ní eile, ní mór don oibreoir SIPS a bheith in ann a léiriú go bhfuil ionstraimí neamhairgid ar fáil go héasca agus in-chomhshóite in airgead tirim ar bhonn aonlae trí úsáid a bhaint as socruithe cistiúcháin ardiontaofa agus réamhshocrúithe, lena n-áirítear i ndálaí anáis sa mhargadh.

Beidh an t-oibreoir SIPS toilteanach a léiriú don údarás inniúil, bunaithe ar mheasúnú inmheánach leordhóthanach, go bhfuil an banc tráchtála inchairde.

Oibreoir SIPS a shocraíonn íocaíochtaí déthaobhacha, nó íocaíochtaí aontaobhacha in airgeadraí seachas an euro, beidh ina sheilbh aige, nó áiritheoidh sé go mbeidh ina seilbh ag rannpháirtithe, acmhainní leordhóthanacha leachtacha, i gcomhréir le mír 4, ar na bealaí dá dtagraítear i mír 6.

⁽¹²⁾ Treoirlíne (AE) 2015/510 ón mBanc Ceannais Eorpach an 19 Nollaig 2014 maidir le cur chun feidhme chreat bheartas airgeadaíochta an Eurochórais (BCE/2014/60) (IO L 91, 2.4.2015, lch. 3, ELI: <http://data.europa.eu/eli/guideline/2015/510/oj>).

⁽¹³⁾ Treoirlíne BCE/2014/31 ón mBanc Ceannais Eorpach an 9 Iúil 2014 maidir le bearta sealadacha breise a bhaineann le hoibríochtaí athmhaoinithe an Eurochórais agus le hincháilitheacht comhthaobhachta agus lena leasaítear Treoirlíne BCE/2007/9 (IO L 240, 13.8.2014, lch. 28, ELI: <http://data.europa.eu/eli/guideline/2014/528/oj>).

8. I gcás ina bhforlíonann oibreoir SIPS na hacmhainní dá dtagraítear i mír 4 le sócmhainní eile, is dócha go mbeidh na sócmhainní sin indíolta nó inghlactha mar chomhthaobhacht (le haghaidh, e.g. línte creidmheasa, babhtálacha, nó comhaontuithe athcheannaigh) ar bhonn ad hoc tar éis mainneachtana, fiú mura féidir é sin a réamhshocrú nó a ráthú go hiontaofa faoi dhálaí margaidh atá foircneach ach inchreidte. I gcás ina bhforlíonann rannpháirtí na hacmhainní dá dtagraítear i mír 4 le sócmhainní eile, áiríteoidh an t-oibreoir SIPS go gcomhlíontar leis na sócmhainní eile sin na ceanglais a leagtar amach sa chéad abairt den mhír seo. Toimhdeofar gur dócha go bhfuil sócmhainní indíolta nó inghlactha mar chomhthaobhacht má tá an t-oibreoir SIPS tar éis rialacha agus cleachtais an bhainc ceannais ábhartha maidir le hincháilitheacht comhthaobhachta a chur san áireamh.

9. Ní thiomhdeoidh oibreoir SIPS go mbeidh creidmheas éigeandála ar fáil ón mbanc ceannais.

10. Déanfaidh oibreoir SIPS dícheall cuí chun a fhíorú maidir le gach soláthraí acmhainní leachtacha an SIPS, dá dtagraítear i mír 4:

- (a) go bhfuil faisnéis aige atá leordhóthanach agus cothrom le dáta chun na rioscaí leachtacha a bhaineann le soláthar airgid thirim nó sócmhainní a thuiscint agus a bhainistiú;
- (b) go bhfuil sé d'acmhainn aige airgead tirim nó sócmhainní a sholáthar de réir mar is gá.

Déanfaidh an t-oibreoir SIPS athbhreithniú ar a chomhlíontacht leis an oibleagáid dícheall chuí uair sa bhliain ar a laghad. Ní ghlacfar mar sholáthraí leachtacha ach le heintitis a bhfuil rochtain acu ar chreidmheas ón mbanc ceannais eisiúna. Déanfaidh an t-oibreoir SIPS tástáil rialta ar nósanna imeachta an SIPS maidir le rochtain a fháil ar a acmhainní leachtacha.

11. Oibreoir SIPS a bhfuil rochtain aige ar chuntais bainc ceannais, ar sheirbhísí íocaíochta nó ar sheirbhísí urrús bainfidh sé úsáid as na seirbhísí sin, nuair is indéanta.

12. Cinnfidh oibreoir SIPS, trí dhiantástáil struis, an méid acmhainní leachtacha atá aige agus déanfaidh sé tástáil rialta ar leordhóthanacht na n-acmhainní sin chun na ceanglais faoi mhír 4 agus faoi mhír 5 a chomhlíonadh. Agus tástáil struis á déanamh aige, breithneoidh an t-oibreoir SIPS raon leathan cásanna féideartha ábhartha, lena n-áirítear mainneachtain rannpháirtí amháin nó níos mó an lá céanna agus dhá lá nó níos mó ina dhiaidh sin.

Nuair a bhreithneofar cásanna féideartha den sórt sin, cuirfear dearadh agus oibriú an SIPS san áireamh agus scrúdófar gach eintiteas a bhféadfadh rioscaí leachtacha ábhartha a bheith ag baint leo don SIPS, lena n-áirítear bainc shocraíochta, gníomhairí nostro, bainc thaisclainne, soláthraithe leachtacha agus BManna nasctha. I gcás inarb iomchuí, cumhdófar tréimhse il-laethanta leis na cásanna féideartha sin.

13. Doicimeadóidh oibreoir SIPS na cúiseanna atá aige leis an airgead tirim agus na sócmhainní eile a choimeádann sé féin nó a rannpháirtithe a bheith ina sheilbh aige, agus beidh socruithe rialachais iomchuí i bhfeidhm aige maidir leis an airgead tirim agus na sócmhainní sin. Bunóidh sé nósanna imeachta soiléire chun torthaí a thástálacha struis a thuairisciú don Bhord agus bainfidh sé úsáid as na torthaí sin chun meastóireacht a dhéanamh ar leordhóthanacht a chreata bainistithe riosca leachtacha agus chun coigeartuithe a dhéanamh ar an gcreat sin.

14. Bunóidh oibreoir SIPS rialacha agus nósanna imeachta soiléire lena gcuirfear ar chumas an SIPS socraíocht oibleagáidí airgeadais ar bhonn aonlae agus, i gcás inarb iomchuí, socraíocht oibleagáidí airgeadais ar bhonn tráthúil agus ar bhonn il-laethanta a chur i gcrích tar éis do cheann amháin nó níos mó dá rannpháirtithe mainneachtain. Maidir leis na rialacha agus na nósanna imeachta sin:

- (a) déileálfar leo le heasnaimh leachtacha atá neamhthuartha agus a d'fhéadfadh a bheith neamhchumhdaithe;
- (b) beidh d'aidhm leo leachtú, cúlghairm nó moill shocraíocht na n-oibleagáidí airgeadais ar an lá céanna a sheachaint;
- (c) léireofar leo conas athshlánú a dhéanamh ar an airgead tirim agus ar na sócmhainní eile arna n-úsáid ag an SIPS le linn teagmhas struis, a mhéid is gá de bhun mhíreanna 4 go 6.

Airteagal 14

Socraíocht deiridh

Bunóidh oibreoir SIPS rialacha agus nósanna imeachta chun gur féidir socraíocht deiridh a chur i gcrích tráth nach déanaí ná deireadh an dáta bheartaithe socraíochta.

Airteagal 15

Socraíochtaí airgeadra

1. Cinnteoidh oibreoir SIPS atá ag socrú íocaíochtaí aontaobhach in euro go ndéantar an tsocraíocht deiridh in airgead an bhainc ceannais. Oibreoir SIPS a shocraíonn íocaíochtaí le haghaidh SIPS eile, féachfaidh sé le cur ar chumas an SIPS eile sin socraíocht a dhéanamh fiú amháin i gcásanna éigeandála.
2. Oibreoir SIPS a shocraíonn íocaíochtaí déthaobhacha nó íocaíochtaí aontaobhacha in airgeadraí seachas an euro, áiritheoidh sé go ndéanfar an tsocraíocht chríochnaitheach in airgead bainc ceannais i gcás ina mbeidh sé sin indéanta agus ar fáil.
3. Mura n-úsáidtear airgead bainc ceannais, áiritheoidh oibreoir SIPS go ndéanfar socraíochtaí airgid trí úsáid a bhaint as sócmhainn socraíochta nach bhfuil ach riosca beag creidmheasa agus leachtachta nó gan aon riosca creidmheasa agus leachtachta ag baint léi.
4. Má dhéantar socraíocht in airgead bainc tráchtála, déanfaidh an t-oibreoir SIPS na rioscaí creidmheasa agus leachtachta a eascraíonn as na bainc shocraíochta thráchtála a chur faoi fhaireachán, a bhainistiú agus a theorannú. Thar aon ní eile, suífidh an t-oibreoir SIPS go bhfuiltear ag cloí le dianchritéir le haghaidh a chuid banc socraíochta agus déanfaidh sé faireachán ar an gcloí sin; cuirfeadh san áireamh sna dianchritéir sin, i measc nithe eile, rialáil agus maoirseacht, acmhainneacht creidmheasa, caipitliú, rochtain ar leachtacht, agus iontaofacht oibríochtúil na mbanc socrúcháin sin. Déanfaidh an t-oibreoir SIPS faireachán agus bainistiú freisin ar an gcomhchruinniú neamhchosaintí creidmheasa agus leachtachta ar bhainc shocraíochta thráchtála an SIPS.
5. Má dhéanann oibreoir SIPS socraíochtaí airgid ar a leabhair féin, íoslghdóidh sé agus rialóidh sé go dian a rioscaí creidmheasa agus leachtachta.
6. Má dhéantar socraíocht in airgead bainc tráchtála, leagfar an méid seo a leanas amach go soiléir sna comhaontuithe dlíthiúla atá ag oibreoir SIPS le haon bhainc socraíochta tráchtála:
 - (a) an tráth a mheastar a ndéanfar aistrithe ar leabhair banc socraíochta aonair;
 - (b) go mbeidh na haistrithe críochnaitheach nuair a dhéanfar iad;
 - (c) go mbeidh na cistí a gheofar inaistrithe a luaithe is féidir, ag deireadh an lae ar a dhéanaí.

Airteagal 16

Íocaíocht in aghaidh íocaíochta

Oibreoir SIPS a úsáideann sásra íocaíochta in áit íocaíochta, déanfaidh sé an príomhríosca a dhíothú trína áiritiú go dtarlaíonn an tsocraíocht deiridh a ghabhann le hoibleagáid áirithe má tharlaíonn socraíocht deiridh na hoibleagáide nasctha freisin agus sa chás sin amháin. Cloífeadh leis an rial sin gan beann ar an tsocraíocht a bheith déanta ar bhonn comhlán nó ar bhonn glan agus gan beann ar an tráth a dtarlaíonn an chríochnaitheacht.

Airteagal 17

Rialacha agus nósanna imeachta maidir le mainneachtain rannpháirtí

1. Bunóidh oibreoir SIPS sainmhíniú ar mhainneachtain rannpháirtí i rialacha agus nósanna imeachta an SIPS, lena n-áireofar, ar a laghad, mainneachtain rannpháirtí a oibleagáidí airgeadais a chomhlíonadh nuair a bheidh siad dlite, de thoradh, *inter alia*, cúiseanna oibríochtúla, sárú comhaontaithe, nó tús a chur le himeachtaí dócmhainneachta i gcoinne an rannpháirtí sin. Déanfaidh oibreoir SIPS idirdhealú idir mainneachtain uathoibríoch agus mainneachtain lánroghnach. I gcás mainneachtain lánroghnach, sonrúidh an t-oibreoir SIPS cé acu eintiteas a fheidhmeoidh an lánrogha sin. Athbhreithneoidh sé an sainmhíniú sin uair sa bhliain ar a laghad.
2. Beidh rialacha agus nósanna imeachta mainneachtana ag oibreoir SIPS lena gcuirtear ar a chumas leanúint dá oibleagáidí a chomhlíonadh i gcás ina mainníonn rannpháirtí, agus déileálfar sna rialacha agus nósanna imeachta sin ar athshlánú acmhainní tar éis mainneachtana. Saineofar leis na rialacha agus nósanna imeachta, mar íosmhéid, gach ní de na nithe seo a leanas:
 - (a) na gníomhaíochtaí is féidir le hoibreoir SIPS a dhéanamh nuair a tharlaíonn mainneachtain;
 - (b) cibé acu ar bhonn uathoibríoch nó ar bhonn lánroghnach a dhéantar na gníomhaíochtaí sin agus na modhanna trína bhfeidhmítear an lánrogha sin;

- (c) athruithe féideartha ar na gnáthchleachtais socraíochta a bhaineann le hoibreoir SIPS chun socraíocht thráthúil a áirithiú;
- (d) bainistiú íocaíochtaí ag céimeanna difriúla próiseála;
- (e) seicheamh dóchúil na mbeart;
- (f) róil, oibleagáidí agus freagrachtaí na bpáirtithe ábhartha, lena n-áirítear rannpháirtithe neamh-mhainneachtana;
- (g) sásraí eile atá le gníomhachtú chun tionchar mainneachtana a theorannú.

3. Beidh oibreoir SIPS ullamh chun a rialacha agus a nósanna imeachta réamhshocraithe a chur chun feidhme, lena n-áirítear aon nósanna imeachta lánroghnacha iomchuí dá bhforáiltear ina rialacha. Áiríteoidh oibreoir SIPS, *inter alia*, an méid seo a leanas: (a) go bhfuil an acmhainneacht oibríochtúil aige, lena n-áirítear pearsanra dea-oilte leordhóthanach, chun na nósanna imeachta a leagtar amach i mír 2 a chur chun feidhme go tráthúil; agus (b) go ndéileáiltear i rialacha agus nósanna imeachta an SIPS le riachtanais doiciméadachta, faisnéise agus chumarsáide, agus, nuair a bhíonn breis agus BMA nó údarás amháin i gceist, le comhordú.

4. Nochtfaidh oibreoir SIPS go poiblí príomhghnéithe na rialacha agus na nósanna imeachta a leagtar amach i mír 2, lena n-áirítear, ar a laghad, gach ceann díobh seo a leanas:

- (a) na himthosca ina ndéanfar beart;
- (b) cé a dhéanfaidh na bearta sin;
- (c) scóip na mbeart a dhéanfar;
- (d) na sásraí chun déileáil leis na hoibleagáidí atá ar oibreoir SIPS i leith rannpháirtithe neamh-mhainneachtana.

5. Déanfaidh oibreoir SIPS tástáil agus athbhreithniú ar rialacha agus nósanna imeachta an SIPS a leagtar amach i mír 2 uair sa bhliain ar a laghad nó tar éis aon athruithe ábhartha ar an SIPS lena ndéantar difear do na rialacha agus do na nósanna imeachta sin. Tabharfaidh oibreoir SIPS rannpháirt do rannpháirtithe an SIPS agus do gheallsealbhóirí ábhartha an SIPS sa tástáil agus san athbhreithniú sin.

Airteagal 18

Riosca gnó ghinearálta

1. Bunóidh oibreoir SIPS córais láidre bhainistíochta agus rialúcháin chun rioscaí gnó ghinearálta a shainaithint, a chur faoi fhaireachán agus a bhainistiú, lena n-áirítear cailteanais a eascraíonn as drochfheidhmiú straitéise gnó, sreafaí diúltacha airgid, nó speansais oibriúcháin atá gan choinne agus rómhór.

2. Coimeádfaidh oibreoir SIPS plean inmharthana téarnaimh agus, seachas SIPSanna an Eurochórais, plean clabhsúir ordúil mar a cheanglaítear faoi Airteagal 10(4).

3. Cinnfidh oibreoir SIPS, bunaithe ar a phróifíl riosca gnó ghinearálta agus ar an méid ama is gá chun aisghabháil agus/nó clabhsúr ordúil a oibríochtaí agus a sheirbhísí criticiúla a bhaint amach, an méid sócmhainní is gá chun an plean dá dtagraítear i mír 2 a chur chun feidhme. Ní bheidh an méid sin níos lú ná an méid is ionann agus sé mhí de speansais oibriúcháin reatha.

4. Chun an méid dá dtagraítear i mír 3 a chumhdach, sealbhóidh oibreoir SIPS glansócmhainní leachtacha arna gcistiú ag cothromas, e.g., stoc coiteann, cúlchistí nochta nó tuilleamh carntha eile, chun go mbeidh ar a chumas leanúint d'oibríochtaí agus de sheirbhísí mar ghnóthas leantach. Beidh na sócmhainní sin de bhreis ar acmhainní arna sealbhú chun mainneachtain rannpháirtí nó rioscaí eile atá cumhdaithe faoi Airteagal 11 agus faoi Airteagal 13 a chumhdach. Féadfar cothromas arna sealbhú faoi chaighdeán chaipitil rioscabhunaithe idirnáisiúnta a chur san áireamh chun ceanglais chaipitil dhúblacha a sheachaint.

5. Sócmhainní dá dtagraítear i mír 4 a shealbháitear chun riosca gnó ghinearálta a chumhdach, beidh leachtacht agus cáilíocht leordhóthanach ag gabháil leo ionas go mbeidh siad ar fáil go tráthúil, agus déanfar iad a leithscaradh ó shócmhainní an oibreora SIPS a úsáidtear le haghaidh oibríochtaí laethúla. Maidir le sócmhainní arna sealbhú chun riosca gnó ghinearálta a chumhdach, beidh an t-oibreoir SIPS in ann na sócmhainní sin a réadú gan mórán éifeacht dhíobhálach nó gan aon éifeacht dhíobhálach ar phraghsanna, ionas go mbeidh sé in ann leanúint d'oibríochtaí agus de sheirbhísí mar ghnóthas leantach má thabhaíonn sé cailteanais gnó ghinearálta.

6. Bunóidh oibreoir SIPS plan caipitil inmharthana chun cothromas breise a chruinniú má thiteann a chothromas gar don mhéid dá dtagraítear i mír 3 nó faoina bhun.
7. Ní bheidh feidhm ag míreanna 3 go 6 maidir le SIPSanna an Eurochórais.

Airteagal 19

Rioscaí cumhdaigh agus infheistíochta

1. Sealbhóidh oibreoir SIPS a shócmhainní féin agus sócmhainní rannpháirtithe le heintitis atá faoi mhaoirseacht agus faoi rialáil (dá ngairtear 'taisceánaigh' anseo feasta), a bhfuil cleachtais chuntasaíochta, nósanna imeachta maidir le slánchoimeád agus rialuithe inmheánacha acu lena gcosnaítear na sócmhainní sin go hiomlán ar an riosca caillteanais i gcás ina dtarlódh dócmhainneacht, faillí, calaois, drochriarachán nó coimeád neamhleor taifead ag taisceánach nó ag fo-thaisceánach.
2. Beidh rochtain thráthúil ag oibreoir SIPS ar a chuid sócmhainní féin agus ar na sócmhainní arna soláthar ag na rannpháirtithe.
3. Déanfaidh oibreoir SIPS a neamhchosaintí ar a bhainc thaisclainne a mheas agus a thuiscint, agus scóip iomlán a chaidreamh le gach ceann acu á chur san áireamh.
4. Bunóidh oibreoir SIPS a straitéis infheistíochta agus beidh an straitéis sin comhsheasmhach lena straitéis fhoriomlán bainistithe riosca agus nochtfar go hiomlán do na rannpháirtithe í. Athbhreithneoidh sé an straitéis infheistíochta uair sa bhliain ar a laghad.
5. Déanfar infheistíochtaí oibreora SIPS faoina straitéis infheistíochta a urrú le hoibleagáideoirí ardcháilíochta, nó beidh na hinfeistíochtaí sin ina n-éilimh ar na hoibleagáideoirí sin. Saineoidh oibreoir SIPS na critéir le haghaidh oibleagáideoirí ardcháilíochta. Ionstraimí lena ngabhann rioscaí íosta creidmheasa, margaidh agus leachtachta a bheidh sna hinfeistíochtaí.
6. Ní bheidh feidhm ag míreanna 3 go 5 maidir le SIPSanna an Eurochórais.

Airteagal 20

Riosca oibriúcháin

1. Bunóidh oibreoir SIPS creat téagartha lena ngabhann córais, beartais, nósanna imeachta agus rialuithe cuí chun riosca oibriúcháin a shainathint, a chur faoi fhaireachán agus a bhainistiú.
2. Déanfaidh oibreoir SIPS athbhreithniú, iniúchadh agus tástáil ar chórais, ar bheartais oibriúcháin, ar nósanna imeachta agus ar rialuithe go tréimhsiúil agus tar éis athruithe suntasacha.
3. Bunóidh oibreoir SIPS cuspóirí um leibhéal seirbhíse agus um iontaofacht oibriúcháin agus beartais chun na cuspóirí sin a bhaint amach. Athbhreithneoidh sé na cuspóirí agus an beartas uair sa bhliain ar a laghad.
4. Áiritheoidh oibreoir SIPS go bhfuil acmhainneacht inscálaithe ag SIPS, i gcónaí, chun méaduithe ar mhéideanna íocaíochtaí a tharlaíonn mar gheall ar theagmhais struis a láimhseáil, agus gur féidir leis a chuspóirí um leibhéal seirbhíse a bhaint amach.
5. Bunóidh oibreoir SIPS beartais, próisis agus córais chuimsitheacha fhisiceacha agus slándála teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide (TFC), chomh maith le córais faisnéise athléimneacha, lena ndéanfar na leochaileachtaí, na bagairtí, na teagmhais agus na rioscaí uile a d'fhéadfadh a bheith ann i dtimpeallacht TFC a shainathint, a mheasúnú agus a bhainistiú go leordhóthanach. Déanfaidh sé athbhreithniú ar na beartais uair sa bhliain ar a laghad.
6. Bunóidh oibreoir SIPS plan leanúnachais gnó lena ndéileálfar le teagmhais lena mbaineann riosca suntasach go gcuirfí isteach ar oibríochtaí an SIPS. Áireofar sa phlean úsáid láithreáin thánaistigh agus dearfar é chun a áirithiú gur féidir le córais teicneolaíochta faisnéise chriticiúla oibríochtaí a atosú laistigh de dhá uair an chloig ón tráth a dtarlaíonn na teagmhais sin. Ceapfar an plan sa tslí go mbeidh an SIPS i gcónaí in ann gach íocaíocht atá dlite a shocrú faoi dheireadh an lae gnó a dtarlaíonn an mhíshocracht. Tástálfadh an t-oibreoir SIPS an plan agus athbhreithneoidh sé é uair sa bhliain ar a laghad.

7. Sainaitheoidh oibreoir SIPS rannpháirtithe criticiúla bunaithe, go háirithe, ar mhéideanna agus luachanna fócaíochtaí agus ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith acu ar rannpháirtithe eile agus ar an SIPS ina iomláine, i gcás fadhb shuntasach oibriúcháin a bheith ag na rannpháirtithe sin.
8. Na rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ag baint le rannpháirtithe criticiúla, BManna eile, agus soláthraithe fónais agus seirbhísí d'oibríochtaí an SIPS, déanfaidh an t-oibreoir SIPS na rioscaí sin a shainithint, a chur faoi fhaireachán orthu agus a bhainistiú.
9. Chun críocha an Airteagail seo, áirítear sna tagairtí do 'riosca' na rioscaí a shonraítear in Airteagail 21 agus 22.

Airteagal 21

Riosca cibearshlándála

1. Bunóidh oibreoir SIPS creat cuimsitheach cibear-athléimneachta lena ngabhann bearta iomchuí rialachais lena gcuirfear ar a chumas cibear-rioscaí a bhainistiú go héifeachtach agus go héifeachtúil, agus bunóidh sé freisin straitéis chibear-athléimneachta lena gcuirfear lamháltas riosca agus inghlacthacht riosca an SIPS san áireamh.
2. Leis an gcreat cibear-athléimneachta dá dtagraítear i mír 1, áiríteofar an méid seo a leanas ar a laghad:
 - (a) príomhróil a shainithint agus a aicmiú, lena n-áirítear cuntasacht as cinnteoireacht laistigh den eagraíocht, próisis, oibríochtaí, seirbhísí, agus sócmhainní faisnéise a thacaíonn le hoibríochtaí agus seirbhísí criticiúla SIPS chun a áirithiú go bhfuil bearta iomchuí i bhfeidhm chun iad a chosaint agus a aisghabháil go tráthúil i gcás cibirionsaithe;
 - (b) cosaint leordhóthanach an SIPS ar chibear-rioscaí, lena n-áirítear trí rialuithe éifeachtacha slándála a chur chun feidhme agus trí ghníomhaíochtaí rialúcháin a dhéanamh maidir le feidhmiú agus slándáil na bpríomhchóras TFC, trí fhaisnéis íogair a phróiseáil nó a stóráil;
 - (c) aon chibirtheagmhas nó aon chomharthaí de chibirtheagmhas a bhrath go tráthúil agus go hionchuí, lena n-áirítear trí fhaireachán a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí aimhrialta;
 - (d) an fhreagairt ar aon chibirtheagmhas nó ar aon teagmhas díobhálach agus téarnamh uaidh ar bhealach tráthúil iomchuí, ionas gur féidir leis oibríochtaí criticiúla a atosú go tapa agus ar bhealach lena gcuirfear teorainn le haon damáiste don SIPS.
3. Bunóidh oibreoir SIPS clár tástála chun tástáil rialta a dhéanamh ar éifeachtacht oibríochtúil phróisis, nósanna imeachta agus rialuithe uile an chreata cibear-athléimneachta dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2. Mar chuid den chlár tástála sin, déanfaidh an t-oibreoir SIPS tástálacha treáite bunaithe ar bhagairtí TIBER-AE lena mbaineann úsáid teicnící chun ionsaí a ionsamhlú ar fheidhmeanna criticiúla agus ar chórais fholuiteacha SIPS mar a leagtar amach faoi chreat TIBER-EU.

I gcás ina sainithnítear brainse mar oibreoir SIPS, féadfaidh an t-údarás inniúil torthaí tástála treáite arna déanamh ag an eintiteas dlítheanach a bhfuil an brainse ina chuid atá spleách ar an dlí de a chur san áireamh más féidir a mheas gur cleachtadh inchoimparáide le tástáil TIBER-AE í an tástáil treáite sin, agus má ghabhann sí éifeachtacht rialuithe agus chórais ábhartha an bhrainse freisin.

4. Áiritheoidh oibreoir SIPS go mbeidh tuiscint fhóna ag a Bhord, ag a Lucht Bainistíochta, agus i gcás inarb infheidhme ag Lucht Bainistíochta an Bhrainse, agus ag foireann an oibreora SIPS ar an gcibear-athléimneacht agus go mbeidh leibhéal fónta feasachta staide acu ar an timpeallacht cibearbhagairtí ina bhfeidhmíonn sé trí bhíthin próiseas éifeachtach faisnéise i dtaobh bagairtí agus trí bhíthin comhroinnt éifeachtach faisnéise laistigh dá eagraíocht agus le heintitis idirnasctha eile sa chóras airgeadais trí chéile.
5. Beidh córais, beartais, nósanna imeachta agus rialuithe iomchuí i bhfeidhm ag oibreoir SIPS lena gcuirfear ar a chumas measúnú a dhéanamh ar éifeachtacht chur chun feidhme a straitéise agus a chreata cibear-athléimneachta agus tuiscint a fháil orthu.
6. Beidh nósanna imeachta i bhfeidhm ag oibreoir SIPS chun a áirithiú go ndéanfar ar a laghad aon mhórchibirtheagmhais a mbíonn tionchar diúltach acu ar SIPS, lena n-áirítear teagmhais de thionscnamh rannpháirtithe SIPS agus soláthraithe seirbhíse tríú páirtí, a thuairisciú dóibh seo a leanas: (a) an Bord, an Bainistí, agus, más infheidhme, Bainistí an Bhrainse; agus b) an t-údarás inniúil. Beidh próisis foghlama leanúnaí agus feabhsaithe a bhaineann leis an gcibearshlándáil i bhfeidhm ag oibreoir SIPS. Áireofar ar na próisis sin, mar shampla, a áirithiú go mbreithneofar sa chreat cibear-athléimneachta forbairtí bagartha chomh maith le hathbhreithnithe ar chibirtheagmhais agus ceachtanna foghlamtha.

Airteagal 22

Seachfhoinsíú

1. Leanfaidh oibreoir SIPS de bheith freagrach i gcónaí as comhlíonadh an Rialacháin seo i leith aon fheidhmeanna, oibríochtaí agus/nó seirbhísí seachfhoinsithe a bhaineann le hoibriú SIPS.
2. Áiríteoidh oibreoir SIPS nach ndéanfaidh seachfhoinsíú dochar do chumas an oibreora SIPS na ceanglais faoin Rialachán seo a chomhlíonadh agus nach mbeidh de thoradh air, go sainráite ná go hintuigthe, go dtarlígfear freagracht an oibreora SIPS as ceanglais an Rialacháin seo a chomhlíonadh do sholáthraí na seirbhísí seachfhoinsithe.
3. Agus é ag seachfhoinsíú chuig tríú páirtí nó chuig eintiteas inghrúpa, beidh socrúithe conarthacha i scríbhinn i bhfeidhm ag oibreoir SIPS idir é féin agus soláthraí na seirbhísí seachfhoinsithe. Déanfar an méid seo a leanas, ar a laghad, le forálacha na socrúithe conarthacha:
 - (a) áiríteofar leis na forálacha sin go gcomhlíonann an t-oibreoir SIPS na hoibleagáidí atá air de dhroim an Rialacháin seo, dlíthe eile is infheidhme, ceanglais rialála agus conarthaí;
 - (b) áireofar sna forálacha sin tuairisc shoiléir bheacht ar na feidhmeanna, na hoibríochtaí agus/nó na seirbhísí seachfhoinsithe, ar fheidhmeanna sholáthraí na seirbhísí seachfhoinsithe agus freisin ar leithdháileadh chearta agus oibleagáidí na bpáirtithe sna socrúithe conarthacha;
 - (c) áiríteofar leis na forálacha na socrúithe conarthacha ar a laghad cearta an údaráis inniúil ábhartha a chumhachtaí a fheidhmiú faoi Airteagal 29(1), pointe (a), den Rialachán seo agus, i gcás seachfhoinsíú a bhaineann le feidhmeanna, oibríochtaí agus/nó seirbhísí criticiúla SIPS mar a shaináithnítear in Airteagal 10(4), áiríteofar leo freisin cearta an údaráis inniúil ábhartha a chumhachtaí a fheidhmiú faoi Airteagal 29(1), pointí (b) agus (c), den Rialachán seo.
 - (d) sonrúofar leis na forálacha sin an gceadaítear fo-sheachfhoinsíú feidhmeanna, oibríochtaí agus/nó seirbhísí criticiúla an SIPS agus na coinníollacha a mbeadh feidhm acu sna cásanna sin, agus lena n-áiríteofar go gcomhlíonann an t-oibreoir SIPS ceanglais an Rialacháin seo;
 - (e) áiríteofar leis na forálacha sin ceart an oibreora SIPS an socrú conarthach a fhoirceannadh i gcás sárúithe suntasacha ar dhlíthe, ar rialacháin nó ar théarmaí conarthacha agus mura féidir comhlíonadh na gceanglas faoin Airteagal seo a áirithiú.
4. Beidh creat uileghabhálach um sheachfhoinsíú i bhfeidhm ag oibreoir SIPS chun na rioscaí a eascraíonn as aon seachfhoinsíú agus ar feadh a shaolré ar fad a shaináithint, a chur faoi fhaireachán agus a bhainistiú go héifeachtach. Beidh straitéis um sheachfhoinsíú i bhfeidhm ag an oibreoir SIPS freisin agus cuirfear san áireamh sa straitéis sin lamháltas riosca an oibreora SIPS.
5. Leis an gcreat um sheachfhoinsíú dá dtagraítear i mír 4, cuirfear ar chumas an oibreora SIPS an méid seo a leanas ar a laghad a dhéanamh:
 - (a) measúnú ar aon rioscaí a d'fhéadfadh eascairt as seachfhoinsíú, lena n-áirítear aon rioscaí comhchruinnithe agus rioscaí a bhaineann le fochonraitheoireacht, sula síneofar aon socrú conarthach;
 - (b) na rioscaí a bhaineann le seachfhoinsíú feidhmeanna, oibríochtaí agus/nó seirbhísí criticiúla an SIPS a shaináithint agus a bhainistiú go héifeachtach;
 - (c) a áirithiú go ndéanfar measúnú ar aon choinbhleacht leasa a bhaineann leis na feidhmeanna, na hoibríochtaí agus/nó na seirbhísí seachfhoinsithe;
 - (d) na cearta iniúcháireachta is gá a fheidhmiú chun measúnú a dhéanamh ar na rioscaí seachfhoinsithe gaolmhara agus chun a oibleagáidí rialála a chomhlíonadh. Áireofar leis sin pleán le haghaidh iniúchtaí agus cigireachtaí ar sholáthraí seirbhísí seachfhoinsithe a bhaineann le feidhmeanna, oibríochtaí agus/nó seirbhísí criticiúla SIPS.
6. Áiríteoidh oibreoir SIPS nach ndéanfar, mar thoradh ar an seachfhoinsíú, dochar d'éifeachtacht ná d'fhóntacht oibriúcháin an SIPS ná d'fhóntacht a chóras, a bheartas, a nósanna imeachta gaolmhara agus a rialuithe inmheánacha.

7. I gcás seachfhoinisú a bhaineann le feidhmeanna, oibríochtaí agus/nó seirbhísí criticiúla SIPS mar a shainithnítear in Airteagal 10(4), déanfaidh oibreoir SIPS straitéis scoir a fhorbairt agus a choinneáil ar bun nach gcuirfidh isteach ar oibríochtaí SIPS.

8. Forbróidh an tEurochóras treoraíocht neamhcheangailteach a bheidh dírithe ar oibreoirí SIPS maidir leis na ceanglais a bhaineann le seachfhoinisú. Cuirfidh BCE an treoraíocht sin ar fáil ar a shuíomh gréasáin.

Airteagal 23

Critéir rochtana agus rannpháirtíochta

1. Déanfaidh oibreoir SIPS critéir rochtana agus rannpháirtíochta neamh-idirdhealaitheacha ar sheirbhísí an SIPS a bhunú agus a nochtadh go poiblí do rannpháirtithe díreacha agus, i gcás inarb ábhartha, do rannpháirtithe indíreacha agus do BManna eile. Athbhreithneoidh sé na critéir uair sa bhliain ar a laghad.

2. Maidir leis na critéir rochtana agus rannpháirtíochta dá dtagraítear i mír 1, tabharfar údar cuí leo ó thaobh shábháilteacht agus éifeachtúlacht an SIPS agus na margaí ar a bhfreastalaíonn sé, agus beidh siad saincheaptha do rioscaí sonraigh an SIPS agus i gcomhréir leis na rioscaí sin. I gcomhréir le príonsabal na comhréireachta, socróidh oibreoir SIPS ceanglais lena gcuirfeadh a laghad sriain is féidir ar rochtain. Má dhiúltaíonn oibreoir SIPS rochtain a thabhairt d'eintiteas a bhfuil iarraidh ar rochtain agus rannpháirtíocht déanta aige, tabharfaidh sé cúiseanna leis sin i scríbhinn, bunaithe ar anailís chuimsitheach riosca.

3. Déanfaidh oibreoir SIPS faireachán ar bhonn leanúnach ar chomhlíonadh chritéir rochtana agus rannpháirtíochta an SIPS ag na rannpháirtithe. Bunóidh oibreoir SIPS nósanna imeachta neamh-idirdhealaitheacha chun go bhféadfar rannpháirtíocht rannpháirtí a chur ar fionraí agus a fhoirceannadh ar bhealach ordúil i gcás ina mainníonn an rannpháirtí na critéir a chomhlíonadh agus nochtfaidh sé príomhghnéithe ábhartha na nósanna imeachta sin go poiblí. Athbhreithneoidh sé na nósanna imeachta uair sa bhliain ar a laghad.

Airteagal 24

Socruithe rannpháirtíochta cisealta

1. Chun críche bainistithe riosca, áiritheoidh oibreoir SIPS go mbeidh de thoradh ar rialacha, nósanna imeachta agus socruithe conarthacha an SIPS go mbeidh ar a chumas faisnéis a bhailiú i dtaobh rannpháirtíocht indíreach chun aon rioscaí ábhartha don SIPS a eascraíonn as rannpháirtíocht a shaináithint, a chur faoi fhaireachán agus a bhainistiú. Cumhdófar an méid seo a leanas, ar a laghad, leis an bhfaisnéis sin:

- (a) an ghníomhaíocht a dhéanann rannpháirtithe díreacha thar a gceann féin agus thar ceann rannpháirtithe indíreacha i gcomhréir leis an ngníomhaíocht ar leibhéal an chórais;
- (b) an líon rannpháirtithe indíreacha a shocraíonn trí bhíthin rannpháirtithe díreacha aonair;
- (c) méideanna agus luachanna na n-íocaíochtaí sa SIPS de thionscnamh gach aon rannpháirtí indíreach;
- (d) méideanna agus luachanna na n-íocaíochtaí dá dtagraítear i bpointe (c) i gcomhréir le méideanna agus luachanna an rannpháirtí dhírigh trína bhfaigheann an rannpháirtí indíreach rochtain ar an SIPS.

2. Sainithneoidh oibreoir SIPS spleáchais ábhartha idir rannpháirtithe díreacha agus rannpháirtithe indíreacha lena bhféadfaí difear a dhéanamh don SIPS, agus an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1 á cur san áireamh.

3. Sainithneoidh oibreoir SIPS rannpháirtithe indíreacha lena mbaineann rioscaí ábhartha don SIPS agus do na rannpháirtithe díreacha trína bhfaigheann siad rochtain ar an SIPS d'fhonn na rioscaí sin a bhainistiú.

4. Déanfaidh oibreoir SIPS athbhreithniú ar na rioscaí a eascraíonn as socruithe rannpháirtíochta cisealta uair sa bhliain ar a laghad. Déanfaidh sé gníomhaíocht mhaolaitheach nuair is gá chun a áirithiú go ndéanfar na rioscaí a bhainistiú i gceart.

*Airteagal 25***Éifeachtúlacht agus éifeachtacht**

1. Beidh próiseas i bhfeidhm ag oibreoir SIPS chun riachtanais na margaí a bhfreastalaíonn an SIPS orthu a shainaithint agus chun freastal orthu, maidir leis an méid seo a leanas go háirithe:
 - (a) socrú imréitigh agus socraíochta a roghnú;
 - (b) struchtúr oibriúcháin;
 - (c) scóip na dtáirgí a imréitítear nó a shocraítear;
 - (d) úsáid na teicneolaíochta agus na nósanna imeachta.
2. Beidh spriocanna agus cuspóirí atá sainithe go soiléir ag oibreoir SIPS; beidh na spriocanna agus na cuspóirí sin intomhaiste agus indéanta, amhail i réimsí na n-íosleibhéal seirbhíse, na n-ionchas bainistithe riosca agus na dtosaíochtaí gnó.
3. Beidh sásraí arna mbunú ag oibreoir SIPS chun athbhreithniú rialta, ar bhonn bliantúil ar a laghad, a dhéanamh ar na ceanglais a leagtar síos i mír 1 agus i mír 2.

*Airteagal 26***Nósanna imeachta agus caighdeáin chumarsáide**

Déanfaidh oibreoir SIPS nósanna imeachta agus caighdeáin chumarsáide ábhartha a nglactar leo go hidirnáisiúnta a úsáid nó déanfaidh sé éascaíocht dóibh chun íocaíocht, imréiteach, socraíocht agus taifeadadh éifeachtúil a éascú.

*Airteagal 27***Rialacha, eochairnósanna imeachta agus sonraí margaidh a nochtadh**

1. Glacfaidh oibreoir SIPS rialacha agus nósanna imeachta soiléire agus cuimsitheacha a nochtfar go hiomlán do na rannpháirtithe. Déanfar rialacha agus eochairnósanna imeachta ábhartha a nochtadh go poiblí freisin.
2. Nochtfaidh oibreoir SIPS tuairiscí soiléire ar dheardh agus oibríochtaí an chórais, agus ar chearta agus oibleagáidí oibreoir agus rannpháirtithe an SIPS, ionas gur féidir leis na rannpháirtithe measúnú a dhéanamh ar na rioscaí a thabhdís dá mbeidís rannpháirteach sa SIPS.
3. Soláthróidh oibreoir SIPS an doiciméadacht agus an oiliúint go léir is gá agus is iomchuí chun go gcuirfead leis an tuiscint atá ag na rannpháirtithe ar rialacha agus nósanna imeachta an SIPS agus ar na rioscaí a bheidh rompu má bhíonn siad rannpháirteach sa SIPS.
4. Nochtfaidh oibreoir SIPS go poiblí táill an SIPS ar leibhéal na seirbhísí aonair a thairgeann sé mar aon lena bheartais lascaine. Soláthróidh an t-oibreoir SIPS tuairiscí soiléire ar sheirbhísí praghsáilte chun críocha inchomparáideachta.
5. Déanfaidh oibreoir SIPS freagairtí ar chreat Nochta CPMI-IOSCO maidir le bonneagair an mhargaidh airgeadais a thabhairt chun críche agus a nochtadh go poiblí. Nuashonróidh sé a fhreagairtí tar éis athruithe ábhartha ar an gcóras nó ar thimpeallacht an chórais, ach uair gach re bliain ar a laghad. Nochtfaidh oibreoir SIPS freisin, ar a laghad, sonraí bunúsacha ar mhéideanna agus luachanna na n-idirbheart.

*Airteagal 28***Oibleagáid ghinearálta maidir le comhlíonadh**

1. Beidh bliain amháin ag oibreoirí SIPS ón dáta a dtabharfar fógra dóibh faoi chinneadh na Comhairle Rialachais i gcomhréir le hAirteagal 3(3) chun na riachtanais arna leagan síos sa Rialachán seo a chomhlíonadh.
2. Comhoibreoidh oibreoirí SIPS, ar bhonn leanúnach, leis an údarás inniúil, agus áiritheoidh siad go gcomhlíonann an SIPS a oibríonn siad na ceanglais a leagtar amach in Airteagail 8 go 27 agus in Airteagal 29, lena n-áirítear i dtéarmaí éifeachtacht fhoriomlán a rialacha, a nósanna imeachta, a bpróisis agus a gcreataí. Comhoibreoidh oibreoirí SIPS freisin leis an údarás inniúil i dtaca leis an mórchuspóir go ndéanfaí oibriú rianúil na gcóras íocaíochta ar an leibhéal sistéamach a chur chun cinn.

3. I gcás ina sainaithnítear brainse mar oibreoir SIPS agus ina gceanglaítear, nó ina mbraitheann comhlíonadh oibleagáide faoin Rialachán seo, rannpháirtíocht an eintitis dhlítheanaigh a bhfuil an brainse ag brath ar an dlí de, tuigfear gurb ionann an oibleagáid sin agus oibleagáid ar an mbrainse comhlíonadh a léiriú vis-à-vis an t-údarás inniúil trí na gníomhaíochtaí agus na próisis ar leibhéal an eintitis dhlítheanaigh ábhartha.

CUID IV

ÚDARÁIS INNIÚLA

Airteagal 29

Cumhachtaí údaráis inniúil

1. Beidh sé de chumhacht ag údarás inniúil:
 - (a) an fhaisnéis riachtanach agus na doiciméid riachtanacha uile a fháil, tráth ar bith, ó oibreoir SIPS chun measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh na gceanglas faoin Rialachán seo nó chun oibriú rianúil na gcóras íocaíochta ar an leibhéal sistéamach a chur chun cinn. Déanfaidh an t-oibreoir SIPS an fhaisnéis ábhartha a thuairisciú don údarás inniúil gan moill mhíchuí;
 - (b) a cheangal ar oibreoir SIPS saineolaí neamhspleách a cheapadh chun imscrúdú nó athbhreithniú neamhspleách a dhéanamh ar oibriú an SIPS. Féadfaidh an t-údarás inniúil ceanglais a fhorchur maidir leis an gcineál saineolaí atá le ceapadh, ábhar agus raon feidhme na tuarascála atá le cur ar fáil, láimhseáil na tuarascála, lena n-áirítear nochtadh agus foilsiú codanna áirithe, agus uainiú tháirgeadh na tuarascála. Cuirfidh oibreoir SIPS an t-údarás inniúil ar an eolas faoin gcaoi ar comhlíonadh na ceanglais a forchuireadh;
 - (c) cigireachtaí ar an láthair a dhéanamh nó cigireachtaí ar an láthair a tharmligean. Féadfaidh an t-údarás inniúil cigireacht a dhéanamh gan fógra a thabhairt roimh ré más gá sin ar mhaithe leis an gcigireacht a dhéanamh go cuí agus go héifeachtúil.
2. Sonraítear i gCinneadh (AE) 2019/1349 ón mBanc Ceannais Eorpach (BCE/2019/25) ⁽¹⁴⁾ an nós imeachta agus na coinníollacha faoina bhfeidhmeoidh údarás inniúil na cumhachtaí a leagtar amach san Airteagal seo.

Airteagal 30

Gníomhaíochtaí maoirseachta a eagrú

1. Féadfaidh údarás inniúil gníomhaíochtaí leanúnacha agus/nó ad hoc formhaoirseachta a dhéanamh chun measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh na gceanglas a leagtar amach in Airteagail 8 go 27 agus in Airteagal 29 ag oibreoir SIPS nó chun oibriú rianúil na gcóras íocaíochta ar an leibhéal sistéamach a chur chun cinn.
2. Féachfaidh údarás inniúil le socruithe comhair a dhéanamh le húdaráis ábhartha eile de réir mar is gá. Sa chás eiseachtúil ina sainaithnítear brainse mar oibreoir SIPS, lorgóidh an t-údarás inniúil socrú comhair leis an údarás atá freagrach as formhaoirseacht nó maoirseacht a dhéanamh ar an eintiteas dlítheanach lena mbaineann an brainse sin.

Airteagal 31

Rúndacht

Maidir le faisnéis arna comhroinnt ag oibreoir SIPS le húdarás inniúil ar bhonn rúnda, féadfaidh an t-údarás inniúil sin an fhaisnéis sin a chomhroinnt laistigh den Chóras Eorpach Banc Ceannais (CEBC). Déileálfad comhaltaí CEBC le faisnéis den sórt sin mar fhaisnéis rúnda, i gcomhréir le hoibleagáid na rúndachta gairmiúla a leagtar síos in Airteagal 37.1 de Reach CEBC.

⁽¹⁴⁾ Cinneadh (AE) 2019/1349 ón mBanc Ceannais Eorpach an 26 Iúil 2019 maidir leis an nós imeachta agus na coinníollacha chun go bhfeidhmeoidh údarás inniúil cumhachtaí áirithe i ndáil le formhaoirseacht a dhéanamh ar chórais íocaíochta a bhfuil tábhacht shistéamach leo (BCE/2019/25) (IO L 214, 16.8.2019, lch. 16 ELI: <http://data.europa.eu/eli/dec/2019/1349/oj>).

CUID V

BEARTA CEARTAITHEACHA AGUS SMACHTBHANNAÍ*Airteagal 32***Bearta ceartaitheacha**

1. I gcás nár chomhlíon oibreoir SIPS an Rialachán seo nó i gcás ina bhfuil forais réasúnacha amhrais ann nár chomhlíon oibreoir SIPS an Rialachán seo, féadfaidh an t-údarás inniúil nós imeachta a thionscnamh chun beart ceartaitheach a fhorchur, agus sa chás sin, déanfaidh an t-údarás inniúil an méid seo a leanas:
 - (a) fógra i scríbhinn a thabhairt don oibreoir SIPS maidir le cineál an neamhchomhlíonta nó an neamhchomhlíonta amhrasta;
 - (b) deis a thabhairt don oibreoir SIPS éisteacht a fháil agus mínithe a thabhairt.
2. Agus an fhaisnéis a chuir an t-oibreoir SIPS ar fáil á cur san áireamh, féadfaidh an t-údarás inniúil bearta ceartaitheacha a fhorchur ar an oibreoir SIPS chun an neamhchomhlíonadh a leigheas agus/nó chun atarlú an neamhchomhlíonta a sheachaint. I gcás inar brainse é an t-oibreoir SIPS, forchuirfear na bearta ceartaitheacha ar an mbrainse.
3. Féadfaidh an t-údarás inniúil bearta ceartaitheacha a fhorchur láithreach má chinneann sé go bhfuil an neamhchomhlíonadh tromchúiseach go leor chun gur gá tabhairt faoi ghníomhaíocht láithreach. Tabharfaidh sé cúiseanna lena chinneadh.
4. Cuirfidh údarás inniúil seachas BCE in iúl do BCE go bhfuil sé ar intinn aige bearta ceartaitheacha a fhorchur ar oibreoir SIPS gan moill mhíchúí.
5. Féadfar bearta ceartaitheacha a fhorchur go neamhspleách ar smachtbhannaí arna bhforchur faoi Rialachán (CE) Uimh. 2532/98 ón gComhairle ⁽¹⁵⁾ nó i gcomhthráth leis na smachtbhannaí sin.
6. Beidh feidhm ag na rialacha agus an nós imeachta dá bhforáiltear i gCinneadh (AE) 2017/2098 ón mBanc Ceannais Eorpach (BCE/2017/33) ⁽¹⁶⁾ maidir le forchur na mbearta ceartaitheach de bhun an Airteagail seo.

*Airteagal 33***Smachtbhannaí**

1. I gcás sárú ar an Rialachán seo, féadfaidh BCE smachtbhannaí a fhorchur ar an oibreoir SIPS. I gcás inar brainse é an t-oibreoir SIPS, forchuirfear na smachtbhannaí ar an mbrainse.
2. Beidh na smachtbhannaí a fhorchuirtear de bhun mhír 1 i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 2532/98 agus le Rialachán (CE) Uimh. 2157/99 ón mBanc Ceannais Eorpach (BCE/1999/4) ⁽¹⁷⁾. Déanfar méid na smachtbhannaí a ríomh i gcomhréir le Cinneadh (AE) 2017/2097 ón mBanc Ceannais Eorpach (BCE/2017/35) ⁽¹⁸⁾.

⁽¹⁵⁾ Rialachán (CE) Uimh. 2532/98 ón gComhairle an 23 Samhain 1998 maidir leis na cumhachtaí atá ag an mBanc Ceannais Eorpach smachtbhannaí a fhorchur (IO L 318, 27.11.1998, lch. 4, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/1998/2532/oj>).

⁽¹⁶⁾ Cinneadh (AE) 2017/2098 ón mBanc Ceannais Eorpach an 3 Samhain 2017 maidir le gnéithe nós imeachta a bhaineann le bearta ceartaitheacha a fhorchur i ndáil le neamhchomhlíonadh Rialachán (AE) Uimh. 795/2014 (BCE/2017/33) (IO L 299, 16.11.2017, lch. 34, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dec/2017/2098/oj>).

⁽¹⁷⁾ Rialachán (CE) Uimh. 2157/99 ón mBanc Ceannais Eorpach an 23 Meán Fómhair 1999 maidir leis na cumhachtaí atá ag an mBanc Ceannais Eorpach smachtbhannaí a fhorchur (BCE/1999/4) (IO L 264, 12.10.1999, lch. 21, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/1999/2157/oj>).

⁽¹⁸⁾ Cinneadh (AE) 2017/2097 ón mBanc Ceannais Eorpach an 3 Samhain 2017 maidir leis an modheolaíocht chun smachtbhannaí a ríomh i leith sárúithe ar na ceanglais formhaoirseachta le haghaidh córais íocaíochta a bhfuil tábhacht shistéamach leo (BCE/2017/35) (IO L 299, 16.11.2017, lch. 31, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dec/2017/2097/oj>).

CUID VI

ATHBHREITHNIÚ AR CHUR I bhFEIDHM AN RIALACHÁIN SEO*Airteagal 34***Athbhreithniú**

Déanfaidh an Chomhairle Rialaithe athbhreithniú ar chur i bhfeidhm ginearálta an Rialacháin seo tráth nach déanaí ná dhá bhliain tar éis an dáta a dtiocfaidh sé i bhfeidhm, agus gach trí bliana ina dhiaidh sin, agus déanfaidh sí measúnú i dtaobh an gá é a leasú.

CUID VII

AISGHAIRM AGUS FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA*Airteagal 35***Aisghairm**

1. Aisghairtear leis seo Rialachán (AE) Uimh. 795/2014 (BCE/2014/28).
2. Forléireofar tagairtí don Rialachán arna aisghairm mar thagairtí don Rialachán seo agus léifear iad de réir an tábla comhghaoil atá leagtha amach in Iarscríbhinn II.

*Airteagal 36***Forálacha deiridh**

1. Tiocfaidh an Rialachán i bhfeidhm an fichiú lá tar éis a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.
2. Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach sna Ballstáit i gcomhréir leis na Conarthaí.

Arna dhéanamh in Frankfurt am Main, an 2 Iúil 2025.

Thar ceann Chomhairle Rialaithe BCE

Uachtarán BCE

Christine LAGARDE

IARSCRÍBHINN I

**An Rialachán aisghairthe maille le liosta de na leasuithe comhleanúnacha a rinneadh air
(dá dtagraítear in Aithris 1)**

<p>Rialachán (AE) Uimh. 795/2014 ón mBanc Ceannais Eorpach an 3 Iúil 2014 maidir le ceanglais formhaoirseachta le haghaidh córais íocaíochta a bhfuil tábhacht shistéamach leo (BCE/2014/28)</p> <p>(IO L 217, 23.7.2014, lch. 16)</p>	
<p>Rialachán (AE) 2017/2094 ón mBanc Ceannais Eorpach an 3 Samhain 2017 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 795/2014 maidir le ceanglais formhaoirseachta le haghaidh córais íocaíochta a bhfuil tábhacht shistéamach leo (BCE/2017/32)</p> <p>(IO L 299, 16.11.2017, lch. 11)</p>	
<p>Rialachán (AE) 2021/728 ón mBanc Ceannais Eorpach an 29 Aibreán 2021 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 795/2014 maidir le ceanglais formhaoirseachta le haghaidh córais íocaíochta a bhfuil tábhacht shistéamach leo (BCE/2021/17)</p> <p>(IO L 157, 5.5.2021, lch. 1)</p>	

IARSCRÍBHINN II

Tábla comhghaoil

Rialachán (AE) Uimh. 795/2014 (BCE/2014/28)	An Rialachán seo
Airteagal 1(1)	Airteagal 1
Airteagal 1(2)	Airteagal 3(3)
Airteagal 1(3)	Airteagal 3(1)
Airteagal 1(3-a)	Airteagal 3(2)
Airteagal 1(3a)	Airteagal 3(4)
Airteagal 1(3b)	Airteagal 3(5)
Airteagal 1(4)	Airteagal 28(2)
Airteagal 2	Airteagal 2
Airteagal 2a	Airteagal 4
Airteagal 2b	Airteagal 5
Airteagal 2c	Airteagal 6
Airteagal 2d	Airteagal 7
Airteagal 3	Airteagal 8
Airteagal 4(1) go (5)	Airteagal 9(1) go (5)
Airteagal 4(6)	Airteagal 9(11) agus (12)
Airteagal 4(7)	Airteagal 9(6) agus (8)
—	Airteagal 9(7)
Airteagal 4(7a)	Airteagal 9(9)
Airteagal 4(8)	Airteagal 9(10)
—	Airteagal 9(13)
—	Airteagal 9(14)
Airteagal 5	Airteagal 10
Airteagal 6	Airteagal 11
Airteagal 7	Airteagal 12
Airteagal 8	Airteagal 13
Airteagal 9	Airteagal 14
Airteagal 10	Airteagal 15
Airteagal 11	Airteagal 16
Airteagal 12	Airteagal 17
Airteagal 13	Airteagal 18
Airteagal 14	Airteagal 19
Airteagal 15	Airteagal 20
—	Airteagal 21
—	Airteagal 22
Airteagal 16	Airteagal 23
Airteagal 17	Airteagal 24
Airteagal 18	Airteagal 25
Airteagal 19	Airteagal 26
Airteagal 20	Airteagal 27

Rialachán (AE) Uimh. 795/2014 (BCE/2014/28)	An Rialachán seo
—	Airteagal 28(3)
Airteagal 21	Airteagal 29
Airteagal 21a	Airteagal 30(1)
—	Airteagal 30(2)
Airteagal 21b	Airteagal 31
Airteagal 22	Airteagal 32
Airteagal 23	Airteagal 33
Airteagal 24	Airteagal 34
—	Airteagal 35
Airteagal 25(1) agus (3)	Airteagal 36
Airteagal 25(2)	Airteagal 28(1)
—	Iarscríbhinn I
—	Iarscríbhinn II